# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## An Ardteistiméireacht 2014

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2014
# SCÉIM MHARCÁLA

# EACNAMAÍOCHT

# ARDLEIBHÉAL

# Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta
## le húsáid leis an Scéim Mharcála

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú
is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnaitheach.
- **Ní** freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.
- I gcuid mhaith cásanna d'fhéadfadh go mbeadh eochairfhrásaí, a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé na marcanna sannta, sna nótaí tacaíochta.
- **Déantar pointí ábhartha breise a chuireann iarrthóirí i láthair a mharcáil agus bronntar marcanna de réir a bhfiúntais.**
- Is é an comhthéacs, an tslí ina gcuirtear an cheist agus líon na marcanna a shanntar don fhreagra sa scrúdpháipéar a chinneann na mionsonraí a bheidh ag teastáil i bhfreagra ar bith. D'fhéadfadh sé, mar sin, go n-athródh na riachtanais ó bhliain go bliain.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a bhronnadh.

## *INNÉACS NA gCEISTEANNA*


| Uimhir | Topaic | Lch (lgh) |
|---|---|---|
| | **Roinn A** | **3 - 6** |
| | **Roinn B** | |
| **1** | **Áirgiúlacht / Soláthar agus Margaí** | **7 - 10** |
| **2** | **Monaplacht / Fógraíocht** | **11 - 13** |
| **3** | **Leaisteachas an Éilimh** | **14 - 15** |
| **4** | **Téarmaí eacnamaíochta / Lonnú gnólachta / Réadmhaoin chónaithe agus riaráiste morgáiste** | **16 - 20** |
| **5** | **Ioncam Náisiúnta** | **21 - 24** |
| **6** | **Aidhmeanna Eacnamaíochta / Príobháidiú / Déine** | **25 - 28** |
| **7** | **Eacnamaíocht an daonra / Fás geilleagrach agus forbairt gheilleagrach** | **29 - 32** |
| **8** | **Téarmaí Eacnamaíochta / Cánachas** | **33 - 35** |

# ROINN A

**1.** Sainmhínigh an téarma '**deischostas'**.
Luaigh sampla **amháin** de dheischostas atá ar aghaidh Rialtas na hÉireann amach.

Is é is Deischostas ann ná an costas ar roghanna tarscaoilte eile atá i gceist le rogha a dhéanamh / costas ruda i dtéarmaí an chéad rogha eile is fearr.

Luaigh sampla **amháin** de dheischostas atá ar aghaidh Rialtas na hÉireann amach

Áirítear iad seo a leanas le freagraí samplacha:

- Is é an tionscadal bonneagair nach mór a chur siar an deischostas atá i gceist le hairgead a chaitheamh ar ospidéal nua.
- Ciallaíonn ciorraithe ar chánacha an bhliain seo chugainn go mbeidh níos lú airgid ann le caitheamh ar thionscadail eile.
- Caithfear déanamh d'uireasa seirbhísí rialtais ar nós an oideachais mar gheall ar an ús ar fhiachas rialtais.

**Sainmhíniú: 8 marc / Sampla: 8 marc**

**2.** Má tá an costas imeallach **níos lú ná** an meánchostas, caithfidh go bhfuil an meánchostas **ag titim** de réir mar a mhéadaítear an t-aschur.

**(i)** An bhfuil an ráiteas seo fíor? Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart. **TÁ** / **NÍL**
**(ii)** Mínigh an chúis atá le do fhreagra:

Más lú an costas breise ar aonad amháin sa bhreis a tháirgeadh ná an meánchostas iomlán, laghdófar an meánchostas iomlán má tháirgtear an t-aonad sa bhreis sin.

**Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart: 1 mharc / Míniúchán: 15 mharc.**

**3.** Sainmhínigh an téarma '**dífhostaíocht struchtúrach**' agus tabhair breac-chuntas ar bheartas **amháin** a d'fhéadfadh Rialtas na hÉireann a leanúint d'fhonn í a laghdú.

Sainmhíniú**:**
Éiríonn dífhostaíocht struchtúrach as athrú ar an struchtúr i dtionscal de thoradh an patrún éilimh a bheith ag athrú sa gheilleagar / nó méadú ar mheicniúchán (dul chun cinn teicniúil).

Beartas amháin a d'fhéadfadh Rialtas na hÉireann a leanúint d'fhonn í a laghdú:

- Scéim athoiliúna le gur féidir uasoiliúint a chur ar oibrithe dífhostaithe fad thréimhse le haghaidh na bpost atá ar fáil agus le gur féidir leo ansin dul isteach sa lucht oibre an athuair e.g. Clár Momentum
- Clár Lingchláir an Rialtais: cúrsaí tríú leibhéal dírithe ar lion na gcéimithe a mhéadú sna hearnálacha a bhfuil folúntais ar fáil iontu.

**Sainmhíniú: 10 marc/Beartas amháin: 6 mharc**

**4.** Mínigh brí an téarma '**earraí comhlántacha'** (i.e. comhéileamh). Luaigh sampla **amháin**.

Earraí comhlántacha: Earraí a thomhlaítear le chéile / a úsáidtear i gcomhar lena chéile / beidh ardú ar phraghas earra amháin ina chúis le laghdú ar an éileamh ar an earra eile.

Sampla: Consóil ríomhaireachta agus bogearraí/cluichí; gluaisteáin agus peitreal.

**Míniúchán: 12 mharc / Sampla: 4 mharc**

**5.** Luaigh **trí** bhonn tuisceana/shaintréith a ghabhann le teoiric na monaplachta.

- Níl ach an t-aon ghnólacht amháin sa tionscal / is ionann an gnólacht agus an tionscal.
- Rialaíonn an gnólacht an praghas *nó* an t-aschur / is é an gnólacht a shocraíonn an praghas.
- Is é is aidhm don ghnólacht brabús a uasmhéadú / Táirgeann sé san áit a bhfuil MC = MR.
- Is ann do bhacainní ar iontráil sa tionscal.
- Díoltar táirge leithleach/uathúil / ní ann d'aon ghar-ionadaithe.

**3 bhonn tuisceana: 6 mharc + 5 mharc + 5 mharc.**
**An chéad fhreagra ceart: 6 mharc**

**6.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** iarmhairt eacnamaíochta do gheilleagar na hÉireann a d'fhéadfadh a bheith ag baint le méadú ar luach an **euro** (€) i gcoibhneas le **dollar na Stát Aontaithe** ($).

**Tá praghsanna ar iompórtálacha/allmhairithe níos saoire**
Is dócha go mbeidh laghdú ar phraghas na n-iompórtálacha/n-allmhairithe ó na Stáit Aontaithe. Mar thoradh air sin, beidh bille na n-iompórtálacha níos lú do tháirgeoirí Éireannacha / beidh méadú ar iompórtálacha ó na Stáit Aontaithe.

**Tá praghsanna ar easpórtálacha/onnmhairithe níos daoire**
Is dócha go mbeidh méadú ar phraghas na n-easpórtálacha/n-onnmhairithe ó Éirinn go dtí na Stáit Aontaithe agus, mar gheall air sin, ní bheidh siad chomh hiomaíoch céanna. D'fhéadfadh laghdú teacht ar easpórtálacha go dtí na Stáit Aontaithe mar gheall air seo.

**Fostaíocht Laghdaithe**
Cuirfear isteach ar fhostaíocht sna tionscail sin a bhraitheann ar easpórtálacha Éireannacha go dtí na Stáit Aontaithe mar gheall ar an laghdú ar easpórtálacha.

**Tionchar ar ioncam turasóireachta in Éirinn**
Is dócha go mbeidh laghdú ar thurasóireacht ó na Stáit Aontaithe toisc go mbeidh sé níos costasaí anois, ó thaobh an dollair de, dul ar saoire in Éirinn. D'fhéadfadh níos mó Éireannach dul ar saoire go dtí na Stáit Aontaithe.

**Infheistíocht Dhíreach Eachtrach / Infheistíocht Éireannach sna Stáit Aontaithe**
D'fhéadfadh sé nach mbeadh an dreasacht chéanna leis na infheistíocht dhíreach eachtrach ó SAM mar go mbeidh sé níos costasaí anois, ó thaobh an dollair de, infheistiú in Éirinn. D'fhéadfadh sé go spreagfaí cuideachtaí Éireannacha le hinfheistiú sna Stáit Aontaithe mar beidh sé níos saoire i dtéarmaí an euro.

**An 1ú freagra ceart: 10 marc / An 2ú freagra ceart: 7 mharc**

**7.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí ina bhfuil an toradh ar an toisc tháirgeachta **fiontar** difriúil leis an toradh ar thosca táirgeachta eile.

**Is féidir caillteanas a thuilleamh**

Is í an t-aon toisc amháin í ar féidir léi caillteanas a thuilleamh mar thoradh ar laghdú ar éileamh nó mar thoradh ar chostais iomarcacha táirgeachta.

**Is féidir torthaí a bheith athraitheach**

Is féidir leis na torthaí athrú ó bhrabús osnormálta go caillteanais.

**Toradh iarmharach atá i gceist**

Ní fhaigheann fiontar a thoradh go dtí go n-íoctar as na tosca eile. Tá sé difriúil leis na tosca eile ós rud é go socraítear a n-íocaíochtaí roimh ré. Tá na torthaí ar na tosca eile conarthach.

**An 1ú freagra ceart: 10 marc / An 2ú freagra ceart: 7 marc.**

**8.** Scoireadh '**Clár Tarrthála na Triúrachta'** ag an AE/CAI/BCE in Éirinn le déanaí. (15 Nollaig 2013)

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** impleacht eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag scor an chláir sin do gheilleagar na hÉireann.  .

**Méadú ar Mhuinín na dtomhaltóirí**

D'fhéadfadh tomhaltóirí a bheith níos muiníní as geilleagar na hÉireann, rud a bheadh ina chúis le breis caiteachais a mbeadh fostaíocht agus breis ioncaim ó chánacha don 5ired55 mar thoradh air.

**Méadú ar Cheannas eacnamaíochta**

D'fhéadfadh go mbeadh tuilleadh scóipe ag Rialtas na hÉireann le cinntí cánachais agus caiteachais a dhéanamh / d'fhéadfadh sé níos mó smachta a athghabháil ar an mbuiséad náisiúnta.

**Níos deacra don 5ired55 smacht fioscach a choinneáil**

- D'fhéadfadh sé a bheith níos deacra do Rialtas na hÉireann smacht fioscach a choinneáil toisc nach bhfuil maoirseacht dhíreach á déanamh ag an Triúracht air a thuilleadh.
- Mar nach bhfuil an oiread céanna maoirseachta á déanamh, d'fhéadfadh Rialtas na hÉireann tabhairt faoi bheartais fhioscacha mhíchuí.

**Méadú ar an Rialachas ag gníomhaireachtaí seachtracha**

Déanfar an cháinaisnéis bhliantúil a iniúchadh gach bliain sa Bhruiséil / cuireadh rialacha nua agus córais rabhaidh nua de chuid an AE i bhfeidhm chun géarchéimeanna airgeadais phoiblí a sheachaint etc.

**Feabhas ar thuairim daoine ar fud an domhain faoi gheilleagar na hÉireann**

- D'fhéadfadh scor an chláir tharrthála comhartha dearfach a sheoladh chuig 5ired5 bannaí agus chuig infheisteoirí idirnáisiúnta, rud a bheadh ina chúis, b'fhéidir, le laghduithe  ar an ráta úis ar fhiachas rialtais.
- Chuirfí an rátáil chreidmheasa AAA i bhfeidhm an athuair / d'fhéadfadh sé go dtarraingeodh an feabhas ar thuairim daoine ar fud an domhain tuilleadh infheistíocht dhíreach eachtrach.

**An 1ú freagra ceart: 11 mharc / An 2ú freagra ceart: 6 mharc**

**Ní freagraí uileghabhálacha iad na freagraí a thugtar**

**9.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chostas shóisialta agus ar **dhá** shochar shóisialta a d'fhéadfadh a bheith ag baint le hinfheistíocht EirGrid in uasghrádú ghréasán leictreachais na hÉireann chun línte cumhachta ardvoltais (piolóin) a thógáil.

D'fhéadfadh na nithe seo a bheith san áireamh sna costais shóisialta:

**Cur isteach ar chuma an tírdhreacha**
D'fhéadfadh go mbeadh tionchar diúltach iarmhartach aige sin ar an earnáil turasóireachta. D'fhéadfadh sé go gcaillfeadh muintir na háite foinse taitneamhachta.

**Impleachtaí féideartha sláinte**
D'fhéadfadh go mbeadh tionchar diúltach ag réimsí leictreamaighnéadacha ar an tsláinte / ar an truailliú ó thorann.

**Damáiste féideartha do ghnáthóga fiadhúlra / don talmhaíocht / don tionscal eachaí**

D'fhéadfadh tógáil agus cothabháil na línte cumhachta nua ar fud ceantair thuaithe damáiste a dhéanamh do ghnáthóga áitiúla fiadhúlra / d'fheirmeacha áitiúla agus don tionscal póraithe capall.

**Titim ar phraghas an talaimh agus na dtithe in áiteanna gar do na piolóin.**

D'fhéadfadh na nithe seo a bheith san áireamh sna sochair shóisialta:

**Bonneagar feabhsaithe / soláthar daingean leictreachais**
D'fhéadfadh an feabhsú ar an mbonneagar ár soláthar leictreachais a dhaingniú agus d'fhéadfadh sé sin infheistíocht dhíreach eachtrach a spreagadh.

**Deiseanna laistigh den earnáil fuinnimh in-athnuaite**
D'fhéadfadh roinnt fiontraithe infheistiú san earnáil seo, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh méadú ar an bhfostaíocht san earnáil mar thoradh air.

**Méadú ar acmhainn an fhuinnimh in-athnuaite**
Laghdódh sé sin ár n-astuithe carbóin, ár spleáchas ar iompórtálacha agus an méid airgid atá ag dul amach as an tír chun íoc as na hiompórtálacha sin. (Iompórtáiltear thart ar 85% de riachtanais fuinnimh na hÉireann.)

**An 1ú freagra ceart: 5 mharc / An 2ú, 3ú & 4ú freagra ceart: 4 mharc an ceann**

## C1 Áirgiúlacht / Soláthar agus Margaí

**(a)**

| **Líon na nAonad a Thomhlaítear** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Áirgiúlacht Iomlán ina *Aonaid / Utils*** | 20 | 45 | 60 | 70 | 75 |
| **Áirgiúlacht Imeallach ina *Aonaid / Utils*** | 20 | 25 | 15 | 10 | 5 |

**(b)** Luaigh agus mínigh an dlí atá léirithe sa 7ired thuas.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhonn tuisceana a ghabhann leis an dlí seo. (25)

(i)

Ráiteas:

Léiríonn an 7ired seo **Dlí na hÁirgiúlachta Imeallaí Laghdaithí**.

Míniúchán

Deir an dlí seo go dtiocfaidh laghdú sa deireadh ar an sásamh breise nó ar an áirgiúlacht imeallach a ghnóthaítear as gach aonad a thomhlaítear de réir mar a thomhlaíonn tomhaltóir breis aonad d'earra airithe. Tar éis an dara haonad den táirge sa sampla thuas a thomhailt, is é áirgiúlacht imeallach an tríú haonad ná 15 *utils* sástachta i gcomparáid le 25 *utils* i gcás an dara haonad a thomhlaítear.

**Ráiteas: 4 mharc + Míniúchán: 9 marc = 13 mharc**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhonn tuisceana a ghabhann leis an dlí seo.

**Tá feidhm aige tar éis 'an bhunphointe'**
Níl feidhm ag an dlí ach tar éis íoschainníocht áirithe den earra a thomhailt, e.g. Oráiste iomlán a itear atá cothrom leis an mbunphointe in ionad deighleoga de.

**Ní athraíonn an dúil atá ag tomhaltóirí**
Glactar leis go bhfanfaidh an dúil atá ag tomhaltóirí mar atá sí. Dá bhrí sin, is ionann an áirgiúlacht don tráchtearra atá i gceist.

**Ní athraíonn ioncam na dtomhaltóirí**
Glactar leis nach n-athraíonn ioncam na dtomhaltóirí sa tréimhse ama atá á scrúdú. Rachadh sé sin i bhfeidhm ar phatrúin an tomhaltais.

**Níl aon bhearna ama, a dhéanfadh athrú blaise a cheadú, idir aonaid chomhleanúnacha a thomhailt**
Glactar leis go bhfuil tréimhse ama measartha gairid idir phointí tomhailte.


**2 bhonn tuisceana: 6 mharc an ceann = 12 mharc**

**(b)** (i) Luaigh 'Dlí an tSoláthair' agus léirigh é le léaráid lipéadaithe.
(ii) Mínigh conas a bhíonn tionchar ag dul chun cinn teicniúil ar chuar an tsoláthair.
(iii) Tabhair breac-chuntas, le cúnamh léaráidí lipéadaithe, ar dhá thoisc eile a bheadh ina gcúis le haistriú (bogadh) ar chuar an tsoláthair. (30)

**(b)** Luaigh 'Dlí an tSoláthair' agus léirigh é le léaráid lipéadaithe.

Deir dlí an tsoláthair go bhfuil coibhneas deimhneach idir praghas earra agus an chainníocht a sholáthraítear den earra sin, i.e. má ardaíonn an praghas, ardóidh an chainníocht a sholáthraítear agus má thiteann an praghas, titfidh an chainníocht a sholáthraítear, *ceteris paribus* (ach gach rud eile a bheith mar an gcéanna).

**Ráiteas: 4 mharc**




**Léaráid: 4 mharc**

**(b)** Mínigh conas a bhíonn tionchar ag dul chun cinn teicniúil ar chuar an tsoláthair.

Dul chun cinn teicniúil, ar nós gléas sábhála saothair a thabhairt isteach:
Laghdóidh sé costais táirgeachta / méadóidh sé táirgiúlacht an ghnólachta (níos mó aschuir in aghaidh an oibrí)
Aistríonn cuar an tsoláthair ar dheis (beidh méadú ar an soláthar ag gach leibhéal praghais.)

**Míniúchán: 6 mharc**

**(b)** Tabhair breac-chuntas, le cúnamh léaráidí lipéadaithe, ar **dhá** thoisc eile a bheadh ina gcúis le haistriú (bogadh) ar chuar an tsoláthair

- Costais ionchur / tosca táirgeachta
- Líon na ndíoltóirí / na soláthraithe sa mhargadh
- Athruithe ar chánachas / ar fhóirdheontais
- Praghas na n-earraí gaolmhara atá á dtáirgeadh
- Athruithe ar ionchais faoi phraghas an earra sa todhchaí
- Athruithe ar thosca neamhbheartaithe.

**Costas ionchur**
Má thagann méadú ar phraghsanna na n-ionchur a mbaineann gnólacht úsáid astu lena earra a tháirgeadh, beidh sé níos costasaí an t-earra a tháirgeadh. Ní leanfaidh 9ire ar aghaidh ag soláthar na cainníochta céanna den earra ar na seanphraghsanna, beidh laghdú ar an soláthar. Aistreoidh/bogfaidh cuar an tsoláthair ar chlé.

**Líon na ndíoltóirí sa mhargadh**
Má laghdaíonn 9ire na ngnólachtaí sa tionscal, e.g. mar thoradh ar chuíchóiriú, laghdóidh an chainníocht iomlán a sholáthraítear, agus aistreoidh cuar an tsoláthair ar chlé.


**Athruithe ar Chánachas / ar Fhóirdheontas**
Aistreoidh fóirdheontas cuar an tsoláthair ar dheis de réir mhéid an fhóirdheontais. Bíonn cánacha ar earraí ina gcúis le méaduithe praghais agus téann 9ire sin i bhfeidhm ar na cainníochtaí a mbeadh gnólachtaí toilteanach, nó gan a bheith toilteanach, iad a sholáthar.

**Athruithe ar phraghas na n-earraí gaolmhara atá á dtáirgeadh**
Nuair a dhíolann táirgeoir roinnt táirgí, bíonn an chainníocht d'aon earra amháin atá sé toilteanach a sholáthar ar aon phraghas ar 9ired ag brath ar phraghsanna earraí eile atá á dtáirgeadh ag an am céanna. Sampla: Táirgeann scaglann ola gásailín as amhola ach, chomh maith leis sin, táirgeann sí ola théimh agus táirgí eile as an amhábhar céanna. Má mhéadaíonn an praghas ar ghásailín i gcoibhneas le hola théimh, méadóidh soláthar an ghásailín.


**Athruithe ar ionchais**
Nuair a fhéadann soláthraithe a roghnú cén uair a chuirfidh 9ire a n-earraí ar díol, féadann soláthraí cainníocht níos lú nó níos mó den earra a sholáthar inniu mar thoradh ar athruithe ar phraghas ionchais an earra sa todhchaí.

**Athruithe ar thosca neamhbheartaithe**
Má thagann feabhas gan choinne ar an aimsir, d'fhéadfadh go méadódh an soláthar de tháirgí talmhaíochta agus d'fhéadfadh go n-aistreodh cuar an tsoláthair ar dheis.

Méadú ar an gcainníocht a sholáthraítear




Laghdú ar an gcainníocht a sholáthraítear





**2 thoisc luaite agus mínithe, agus léaráid leis a bhfuil na lipéid chearta uirthi: 8 marc an ceann = 16 mharc**

**(c)** Fógraíonn Macklemore ceolchoirm in Éirinn in ionad a bhfuil slí ann do 80,000 duine ar a mhéid. €65 an praghas atá ar na ticéid, agus díoltar na ticéid go léir don cheolchoirm laistigh de chúpla uair an chloig.

(i) Tarraing léaráid lipéadaithe **amháin** agus taispeáin uirthi cuar éileamh an mhargaidh agus cuar sholáthar an mhargaidh a bheadh comhsheasmhach leis an eolas thuas. Mínigh do fhreagra.

(ii) Mínigh, agus tú ag baint úsáide as an gcoincheap Barrachas an Tomhaltóra, cén fáth go mb'fhéidir go mbeadh sé ciallmhar ag tionscnóirí na ceolchoirme ticéid a chur ar 10ire ar phraghsanna difriúla don cheolchoirm seo (e.g. rannóg onóra (VIP), rannóg shuí agus rannóg sheasaimh). (20)

(i)




- Is seasta atá soláthar na dticéad do cheolchoirm Macklemore, dá bhrí sin, tá cuar an tsoláthair ingearach nó neamhleaisteach go foirfe [2].
- Is é 80,000 an chainníocht chothromaíochta.
- agus is é €65 an praghas cothromaíochta.

**An léaráid cheart: 8 marc /Míniúchán: 4 mharc = 12 mharc**

(ii)

**Barrachas an Tomhaltóra**
Is é is barrachas an tomhaltóra ann ná an difríocht idir an méid a íocann tomhaltóir as táirge i ndáiríre, i.e. praghas an mhargaidh, agus an méid a d'íocfadh sé in ionad dul gan an táirge sin.
Is dócha gur mó an tóir a bheadh ag roinnt de na daoine a rachadh ar na ceolchoirmeacha ar an ealaíontóir áirithe ná mar a bheadh ag daoine eile agus, dá bhrí sin, bheidís sásta níos mó ná €65 a íoc chun dul chuig an gceolchoirm.

**Is féidir leis an tionscnóir barrachas an tomhaltóra a bhaint amach ach rud éigin sa bhreis a thairiscint**
D'fhonn barrachas an tomhaltóra den saghas seo a bhaint amach, d'fhéadfadh tionscnóir na ceolchoirme praghas níos 10ired a ghearradh ar lucht freastail na ceolchoirme as ticéid níos cóngaraí don ardán, as ticéid suí nó as ticéid a bheith le 10ire roimh ré ag baill de chlub an lucht leanúna. D'fhéadfadh ticéid onóra (VIP) an deis a thabhairt do leantóirí bualadh le baill den bhanna i dteannta peorcaisí eile, etc.

**Sampla**
Mar shampla, d'fhéadfadh an tionscnóir €100 a ghearradh ar thicéid do shuíocháin sa chéad sraith. Rachaidh na daoine a íocann an praghas sin gan barrachas tomhaltóra ar fiú €35 é, rachaidh na daoine a íocann €85 as ticéid suí gan barrachas tomhaltóra atá cothrom le €20. Sa chaoi sin, méadóidh ioncam an tionscnóra ó na díolacháin ó gearradh praghas ar na tomhaltóirí sin atá 10ire sásta a íoc agus, dá bhrí sin, ceannóidh 10ire na ticéid. Má bhíonn praghas le híoc ar thicéad ag duine atá níos 10ired ná an praghas atá sé sásta a íoc, ní cheannóidh sé ticéad.

**2 phointe míniúcháin: 4 mharc an ceann = 8 marc**

## C2 Iomaíocht Neamhfhoirfe agus margadh grósaeireachta na hÉireann

**(a)** (i) Luaigh agus mínigh **trí** bhonn tuisceana a ghabhann le teoiric na hiomaíochta neamhfhoirfe.
(ii) Mínigh cén fáth a mbíonn cuar éilimh gnólachta in iomaíocht neamhfhoirfe difriúil le cuar éilimh gnólachta in iomaíocht fhoirfe. (25)

**(i)** Luaigh agus mínigh **trí** bhonn tuisceana a ghabhann le teoiric na hiomaíochta neamhfhoirfe.

**Tá mórán ceannaitheoirí ann**
Ní fhéadann ceannaitheoir aonair tionchar a imirt ar phraghas margaidh na n-earraí trína c(h)uid gníomhaíochtaí féin.

**Tá mórán díoltóirí sa tionscal**
Féadann díoltóir aonair tionchar a imirt ar an gcainníocht a dhíoltar tríd an bpraghas a ghearrann sé as a aschur.

**Is ann do dhifreáil táirgí**
Ní táirgí aonchineálacha iad na hearraí a sholáthraíonn an táirgeoir. Ina ionad sin, is gar-ionadaithe iad. Baineann gnólachtaí úsáid as brandáil le hidirdhealú a dhéanamh idir a gcuid táirgí.

**Saoirse iontrála agus imeachta**
Ní ann do bhacainní ar iontráil laistigh den tionscal.
Féadann gnólachtaí dul isteach sa tionscal nó é a fhágáil de réir mar is mian leo.

**Eolas réasúnta**
Tá eolas réasúnta ag gach gnólacht laistigh den tionscal ar an mbrabús a dhéanann gnólachtaí eile.
Tá eolas réasúnta ag tomhaltóirí ar na praghsanna atá á ngearradh as táirgí éagsúla.

**Déanann gach gnólacht iarracht brabús a uasmhéadú**
Táirgeann gnólachtaí áit a bhfuil MC = MR
Déanfaidh gach gnólacht iarracht costais táirgeachta a íoslaghdú.

**3 bhonn tuisceana: 5 mharc + 4 mharc + 4 mharc**
**An 1ú freagra ceart: 5 mharc**

(ii) Mínigh cén fáth a mbíonn cuar éilimh gnólachta in iomaíocht neamhfhoirfe difriúil le cuar éilimh gnólachta in iomaíocht fhoirfe.

Iomaíocht fhoirfe

Is cothrománach nó leaisteach go foirfe a bhíonn cuar an éilimh os comhair gnólachta amach in iomaíocht fhoirfe (D=AR=MR).
Is amhlaidh sin mar go bhfuil táirge comhionann (i.e. aonchineálach) á dhíol ag gach gnólacht agus is beag atá an chainníocht a dhíolann gach gnólacht i gcoibhneas le méid iomlán an mhargaidh.
Athróidh daoine go hiomlán chuig táirgí comhionanna na n-iomaitheoirí má dhéantar aon iarracht gearradh faoi phraghas an mhargaidh.


**6 mharc**

Iomaíocht neamhfhoirfe

Claonchuar anuas a bhíonn i gcuar an éilimh os comhair gnólachta amach in iomaíocht neamhfhoirfe.
Is amhlaidh sin mar go ndíolann gach gnólacht táirge difreáilte, rud a chruthaíonn scóip le haghaidh dílseacht bhranda. Tá táirge ag gach gnólacht a mheasann tomhaltóirí a bheith difriúil go pointe áirithe le táirgí na ngnólachtaí iomaíocha.
Má mhéadaíonn an gnólacht praghas an táirge, beidh laghdú ar an éileamh mar go n-athróidh roinnt tomhaltóirí chuig earraí na ngnólachtaí iomaíocha (gar-ionadaithe) a éiríonn níos saoire i gcomparáid leis.

**6 mharc**

**(b)** (i) Mínigh, le cúnamh léaráide, cothromaíocht fhadtréimhseach gnólachta atá in iomaíocht neamhfhoirfe.




Míniúchán ar chothromaíocht fhadtréimhseach:

- Tá cothromaíocht / uasmhéadú brabúis le sonrú (ag pointe X) áit a bhfuil MC = MR. *(Tá MC ag ardú agus gearrann sé MR agus é ag teacht aníos).*
- Is é $Q_2$ an leibhéal aschuir a tháirgtear agus is é $P_2$ an praghas ar a ndíolann an gnólacht an t-aschur seo
- Taispeántar an meánchostas táirgeachta ag pointe C / níl sé ag táirgeadh ag an bpointe is ísle de AC.
- Tá brabús normálta á thuilleamh ag an ngnólacht seo mar go bhfuil AR = AC.

**Léaráid Cheart: 10 mharc + Míniúchán: 8 mharc = 18 mharc**

(ii) Agus tú ag tagairt do do léaráid in (b) (i), mínigh cén fáth nach bhfuil an gnólacht ag úsáid na n-acmhainní tearca go héifeachtúil ó thaobh na sochaí de.

**Freagra a d'fhéadfaí a thabhairt:**

Ní tháirgeann gnólacht atá iomaíoch go neamhfhoirfe ag an bpointe is ísle éifeachtúlacht shóisialta ar a chuar AC, pointe W.
Níl sé ag táirgeadh ag an bpointe is ísle ar AC mar thoradh ar dhifreáil táirgí. Difreáil táirgí a chuireann cuma dhifriúil ar tháirge gnólachta trí chostais bhreise amhail fógraíocht agus brandáil.
Bíonn an praghas níos airde ná costas imeallach na táirgeachta. Seasann méid na difríochta idir P agus MC do mhéid na cumhachta monaplachta atá ag an ngnólacht sa mhargadh atá ann dá tháirge difreáilte.
Ós rud é nach bhfuil sé ag táirgeadh ag an bpointe is ísle den chuar meánchostais, tá acmhainneacht spártha / ró-acmhainneacht ina chuid oibriúchán agus ní fhaigheann an tsochaí buntáiste as na hacmhainní a úsáid ar an gcaoi is fearr is féidir. Bíonn éagsúlacht earraí ar fáil ag tomhaltóirí ar dhroim na héifeachtúlachta sóisialta.

**3 phointe eolais: 4 mharc an ceann = 12 mharc**

**(c)** "Tá ceannas ag roinnt bheag miondíoltóirí móra (e.g. Tesco, Supervalu, Dunnes Stores, Aldi, Lidl) ar mhargadh grósaeireachta na hÉireann faoi láthair."
Mol an struchtúr margaidh is fearr a léiríonn an staid seo. Mínigh do fhreagra. (20)

Struchtúr Margaidh: **Olagaplacht**

Míniúchán:

**Tá ceannas ag roinnt bheag miondíoltóirí móra ar mhargadh grósaeireachta na hÉireann faoi láthair**
Tá ceannas ag líon beag miondíoltóirí móra ar an tionscal. Coimeádann siad sciar mór den mhargadh / cóimheas comhchruinnithe ard. Ag laghdú atá sciar mór Tesco den mhargadh agus is ag dul i méid atá an sciar den mhargadh atá ag Lidl agus ag Aldi. Tá sciar mór den mhargadh ag grúpa Musgrave; is leo Centra agus SuperValu.

**Is ann do bhacainní ar iontráil**
D'fhéadfadh go mbeadh deacracht ag gnólachtaí nua iontráil mar thoradh ar bhacainní arda ar iontráil amhail barainneachtaí scála, iomadú brandaí agus rialú ag gnólachtaí atá ann cheana féin ar na bealaí dáileacháin. D'fhéadfadh go mbainfeadh na gnólachtaí atá ann cheana úsáid as praghsáil teorann, ionas go gcuirfí drogall ar iontrálaithe sa mhargadh sa todhchaí. Níor tháinig aon ghnólacht nua isteach sa ghrósaeireacht in Éirinn le blianta beaga anuas, seachas Aldi agus Lidl.

**Comh-idirspleáchas idir na miondíoltóirí móra**
Idirghníomhaíonn gnólachtaí trí na straitéisí margaíochta / praghsála atá ag na gnólachtaí eile a chur san áireamh. Is é an rud a bhfuil siad ag díriú air ná a sciar den mhargadh iomlán a choinneáil nó a mhéadú, e.g. an babhta reatha de dhíol faoi bhun costais / de threoirearraí caillteanais, atá mar chuid de straitéis phraghsála Dunnes Stores, Aldi, Lidl, etc.

**Gar-ionadaithe iad na táirgí a dhíoltar / difreáil táirgí**
Baineann an-tábhacht le fógraíocht iomaíoch agus le cur chun cinn trom 'dílseacht táirgí' istigh sa siopa, e.g. cártaí dílseachta etc. Chomh maith leis sin, baineann il-ollmhargaí úsáid as 'ainmneacha branda' le dílseacht na gcustaiméirí a choinneáil. Ina theannta sin, d'fhéadfadh an gnólacht úsáid a bhaint as feachtais fógraíochta agus mhargaíochta d'fhonn difreáil a chruthú in intinn na dtomhaltóirí, cé gurb ionann a tháirge, a bheag nó a mhór, agus táirgí na ngnólachtaí iomaíocha eile / is é is aidhm do na straitéisí láithrithe táirgí seo ná aitheantas branda agus dílseacht bhranda a mhéadú. Bíonn fógraíocht fhairsing sna nuachtáin agus ar an teilifís ag na hil-ollmhargaí.

**Iomaíocht nach mbaineann praghsanna léi**
Gnólachtaí a bhfuil tuiscint neamhinste acu gan dul san iomaíocht faoi phraghsanna, is minic a ghabhann siad d'iomaíocht dhian nach mbaineann praghsanna léi ach úsáid a bhaint as fógraíocht agus as bealaí eile le hiarracht a dhéanamh a ndíolacháin a mhéadú. D'fhéadfadh go mbeadh praghaschoimhlintí nó iomaíocht phraghsanna bunaithe ar roinnt táirgí aithnidiúla ar siúl ar feadh tréimhse gairide mar a tharla i gcás na n-il-ollmhargaí roimh thréimhse na Nollag. Tarlaíonn praghaschoimhlintí nuair a chliseann ar chlaonpháirteachas neamhinste agus titeann praghsanna.

**Rogha an struchtúir mhargaidh: 1 mharc**
**Míniúchán: 4 fhreagra: 5 mharc + 5 mharc + 5 mharc + 4 mharc**
**Ní mór tagairt a bheith ann do mhargadh grósaeireachta na hÉireann**

## C3 Leaisteachas

**(a)** (i) Sainmhínigh na catagóirí de Phraghasleaisteachas an Éilimh (PED): leaisteach, neamhleaisteach agus aonadleaisteach.

(ii) Luaigh **trí** thoisc a mbíonn tionchar acu ar PED **agus** mínigh conas a bhíonn tionchar ag gach toisc acu air.

(30)

(i) Sainmhínigh na catagóirí de Phraghasleaisteachas an Éilimh (PED): leaisteach, neamhleaisteach agus aonadleaisteach.

**Éileamh leaisteach**
Is é an t-athrú céatadánach / comhréireach ar phraghas an earra is cúis le hathrú céatadánach / comhréireach níos mó ar an gcainníocht den earra a éilítear.

**Éileamh Neamhleaisteach**
Is é an t-athrú céatadánach / comhréireach ar phraghas an earra is cúis le hathrú céatadánach / comhréireach níos lú ar an gcainníocht den earra a éilítear.

**Éileamh Aonadleaisteach**
Is ionann an t-athrú céatadánach / comhréireach ar phraghas an earra agus an t-athrú céatadánach / comhréireach ar an gcainníocht den earra a éilítear.

**Gach sainmhíniú ceart: 5 mharc an ceann**

(ii) Luaigh **trí** thoisc a mbíonn tionchar acu ar PED **agus** mínigh conas a bhíonn tionchar ag gach toisc acu air.

**Méid na ngar-ionadaithe agus an fháil atá orthu**
Sa chás go bhfuil gar-ionadaí ag earra agus go méadaítear a phraghas, is leaisteach a bheidh an t-éileamh ar an earra de bharr go n-athróidh daoine chuig an ionadaí níos saoire. Sa chás nach bhfuil aon ionadaithe ag earra agus go méadaítear a phraghas níl aon ionadaí ann le hathrú chuige agus, mar sin de, is neamhleaisteach a bheidh sé.

**An céatadán d'ioncam a chaitear ar an earra**
Tríd is tríd, dá mhéad an céatadán d'ioncam a chaitear ar earra, is amhlaidh is mó leaisteachas is dócha a bhainfidh leis an éileamh ar an earra sin mar thoradh ar athrú ar a phraghas féin. Ní dócha go mbeidh tionchar suntasach ar an éileamh ag méadú 50% ar an bpraghas ar bhosca cipíní toisc nach bhfuil an praghas sin ach ina chéatadán beag d'ioncam.

**An t-achar ama a ghlacann sé dul i dtaithí ar athruithe praghais**
Dá fhaide a mhaireann an t-athrú praghais, is amhlaidh is airde a bheidh an PED. Dá dtiocfadh méadú 80% ar phraghas an leictreachais, d'fhéadfadh go ndéanfadh tomhaltóir barainneacht ar úsáid fearas éagsúil sa ghearrthéarma. San fhadtéarma, beidh ar an tomhaltóir machnamh a dhéanamh ar chineálacha fuinnimh eile a úsáid mar mhalairt rogha. Dá fhaide an tréimhse ama a bhíonn ar fáil chun athruithe féideartha a fháil amach, is amhlaidh is mó leictreachas a shábhálfar. Beidh an t-éileamh an-neamhleaisteach ar dtús ach bainfidh níos mó leaisteachais leis le himeacht ama.

**Marthanacht an earra**
Dá mharthanaí an t-earra, is amhlaidh is mó leaisteachas is dócha a bhainfidh leis an éileamh atá air mar thoradh ar athrú ar a phraghas féin. Má mhéadaítear an praghas atá ar tháirgí ar nós carranna, is dócha go gcuirfidh an pobal le saolré an chairr atá acu cheana féin agus go gcuirfidh siad ceannach cairr nua ar athlá.

**Líon na n-úsáidí malartacha a bhíonn ag an earra**
I bhformhór na gcásanna, beidh éileamh leaisteach ar earra a mbíonn líon mór úsáidí aige. Mar shampla, baintear úsáid as siúcra mar thomhaltas díreach agus chun críocha milsithe, bácála, próiseála bia, etc. D'fhéadfadh nach mbeadh ach titim bheag ar an éileamh i ngach ceann de na margaí sin mar thoradh ar aon mhéadú ar phraghas an tsiúcra, ach d'fhéadfadh go mbeadh an titim fhoriomlán ina titim shuntasach.

**3 thoisc: 5 mharc an ceann = 15 mharc**

**(b)** Ceannaíonn tomhaltóir/gluaisteánaí 20 lítear peitril nuair a bhíonn €1.60 an lítear air. Nuair a mhéadaítear an praghas go €1.70, de thoradh méadú ar cháin charbóin, ceannaíonn an tomhaltóir 19 lítear. Ríomh Praghasleaisteachas an Éilimh (PED) ag an tomhaltóir. **(Taispeáin do chuid oibrithe go léir.)**
An bhfuil an t-éileamh seo ar pheitreal praghasleaisteach nó praghas-neamhleaisteach? Tabhair breac-chuntas ar impleacht do fhreagra d'ioncam an rialtais. (20)

**Ríomh Praghasleaisteachas an Éilimh (PED) ag an tomhaltóir**

$$\frac{-1}{10c} \times \frac{€1.60 + €1.70\ (€3.30)}{20 + 19\ \ (39)} = -0.846\ (-0.85)$$

**10 marc**

An bhfuil an t-éileamh seo ar pheitreal praghasleaisteach nó praghas-neamhleaisteach?
**Neamhleaisteach** atá an t-éileamh ar pheitreal. **2 mharc**

Tabhair breac-chuntas ar impleacht do fhreagra d'ioncam an rialtais.
Má thagann méadú ar phraghas an pheitril, tiocfaidh méadú ar ioncam an rialtais freisin dá thoradh. Ós rud é go mbeidh an méadú céatadánach ar an bpraghas níos mó ná an laghdú céatadánach ar an gcainníocht a éileofar, beidh méadú ar ioncam cánach an rialtais.

**8 marc**

**(c)** Tá gnólacht ag smaoineamh ar phraghas a tháirge a athrú. Déanann sé taighde margaidh a thaispeánann gurb é **-2.5** Praghasleaisteachas an Éilimh (PED) ar an táirge.
Bain úsáid as an eolas sin chun an cheist seo a leanas a fhreagairt:
(i) Más mian leis an ngnólacht a ioncam iomlán ó dhíolacháin a uasmhéadú, cé acu ba chóir dó a dhéanamh, praghas an táirge a ísliú nó a ardú? Mínigh do fhreagra.

Taispeánann an taighde margaidh fosta gurb é **+4.5** Ioncamleaisteachas an Éilimh (YED) ar an táirge.
Bain úsáid as an eolas sin chun an cheist seo a leanas a fhreagairt:
(ii) I gcás geilleagair a mheastar a bheidh faoi chúlú eacnamaíochta go ceann cúig bliana eile, cén tionchar is dócha a bheidh aige sin ar an éileamh ar an táirge, má bhíonn tionchar ar bith aige air? Mínigh do fhreagra. (25)

(i) Is é **-2.5** Praghasleaisteachas an Éilimh (PED) ar an táirge.

Is earra praghasleaisteach é an t-earra seo mar go bhfuil a dhearbhluach os cionn 1 (beidh laghdú 1% ar an bpraghas ina chúis le méadú 2.5% ar an gcainníocht a éileofar).
Chun an t-ioncam iomlán ó dhíolacháin a mhéadú ba cheart don ghnólacht an praghas a ísliú.
Ba cheart dó an praghas a ísliú toisc go bhfuil an méadú céatadánach ar an gcainníocht a éilítear níos mó ná an laghdú céatadánach ar an bpraghas.

**12 mharc**

(ii) Is é + **4.5** Ioncamleaisteachas an Éilimh (YED) ar an táirge.

D'fhéadfadh tomhaltóirí féachaint ar an earra seo mar shó-earra toisc go bhfuil Ioncamleaisteachas an Éilimh (YED) atá air níos mó ná 1 ( beidh laghdú 1% ar an ioncam ina chúis le laghdú 4.5% ar an gcainníocht a éileofar).
Dá bhrí sin, toisc go dtiteann ioncam le linn cúlú eacnamaíochta / ba cheart go dtitfeadh an chainníocht a d'éileofaí faoi chéatadán ní b'airde ná an titim chéatadánach ar an ioncam.

**13 mharc**

**Freagraí féideartha eile a mharcáil de réir a bhfiúntais**

**Q4 Téarmaí eacnamaíochta / Lonnú gnólachta / réadmhaoin chónaithe agus riaráiste morgáiste**

(a) Mínigh, le cúnamh sampla, **gach ceann** de na téarmaí seo a leanas:
Éileamh Díorthaithe / Tuilleamh Aistritheach / Praghas Soláthair / Cíos Eacnamaíoch. (20)

**Éileamh Díorthaithe**
Tagraíonn sé seo do chásanna ina bhfuil éileamh ar thoisc tháirgeachta ní ar a son féin ach mar gheall ar an rannchuidiú a dhéanann sé leis an bpróiseas táirgeachta.
Sampla d'éileamh díorthaithe is ea an t-éileamh ar thalamh timpeall ar Bhaile Átha Cliath agus ar chathracha móra eile le linn an bhorrtha mar thoradh ar an éileamh ar thithíocht ag an am.

**Tuilleamh Aistritheach**
Is féidir é a shainmhíniú mar thuilleamh toisce sa chéad rogha fostaíochta eile is fearr.
Sampla oiriúnach

**Praghas Soláthair**
Is é seo an íocaíocht íosta is gá chun toisc a chur in úsáid agus chun leanúint den úsáid áirithe sin.
Sampla oiriúnach

**Cíos Eacnamaíoch**
Is é seo aon íocaíocht ar thoisc tháirgeachta os cionn phraghas soláthair riachtanach na toisce.
Sampla oiriúnach

**Míniúchán: 3 mharc an ceann /Sampla: 2 mharc an ceann = 20 marc**

**(b)** (i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shaintréith eacnamaíochta a bhaineann leis an 'talamh'..
(ii) Déan plé ar **thrí** thoisc eacnamaíochta a mbíonn tionchar acu ar chinneadh gnólachta maidir leis an áit ina lonnófar a chuid oibriúchán in Éirinn. (25)

(i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shaintréith eacnamaíochta a bhaineann leis an 'talamh'

**Is seasta atá an soláthar talún**
Má mhéadaítear an praghas atá á thairiscint ar thalamh, ní thiocfaidh aon mhéadú ar an soláthar atá ar fáil.
Is líne dhíreach ingearach é cuar an tsoláthair i gcás na talún.
Is féidir giotaí talún a thabhairt go míntíreachas agus is féidir go mbeidh creimeadh ithreach ann, ach is beag tionchar a bhíonn ag na tosca sin ar an soláthar iomlán.

**Níl costas táirgeachta ar thalamh don tsochaí ina hiomláine**
Ós rud é gur bronntanas ón dúlra í talamh, níl aon chostas táirgeachta uirthi don tsochaí ina hiomláine.
Má dhéantar aon íocaíocht i leith talún, tá an íocaíocht sin os cionn a praghais soláthair – is é sin, nialas – agus tugtar cíos eacnamaíoch air sin.

**Toisc neamhshainiúil is ea talamh**
Is féidir talamh a úsáid chun críocha éagsúla. Is féidir í a athrú ó úsáid talmhaíochta go húsáid thionsclaíoch / chónaitheach.

**2 shaintréith : 5 mharc an ceann = 10 marc**

(ii) Déan plé ar **thrí** thoisc eacnamaíochta a mbíonn tionchar acu ar chinneadh gnólachta maidir leis an áit ina lonnófar a chuid oibriúchán in Éirinn.

**Tá siad seo ar na freagraí a d'fhéadfaí a thabhairt:**

**Gaireacht do ghnólachtaí den chineál céanna**
Tá cuid mhór cuideachtaí TF / Teicneolaíochta (Google, LinkedIn, Facebook) tar éis lonnú sa cheantar céanna i mBaile Átha Cliath, áit ar a dtugtar "Silicon Valley" Bhaile Átha Cliath anois. Tá na seirbhísí riachtanacha tacaíochta suite in aice láithreach.

**Fáil ar lucht saothair atá oilte**
Is é a theastaíonn ó ghnólachtaí lucht saothair a bhfuil scileanna teanga / scileanna innealtóireachta / speisialtóirí TF éagsúla acu ionas gur féidir leo tús a chur le hoibríochtaí láithreach agus an méid is lú agus is féidir a chaitheamh á n-oiliúint.

**Gaireacht don mhargadh / d'amhábhair**
Caithfidh gnólacht a bhíonn ag brath ar shruth seasta tomhaltóirí lonnú gar don mhargadh, e.g. búitíc.
Caithfidh gnólacht a bhíonn ag brath ar chuid mhór amhábhar a úsáid lonnú gar don áit ina gcuirtear ar fáil iad, e.g. stáisiún ginte cumhachta.

**Bonneagar dea-fhorbartha**
Baineann ríthábhacht le bonneagar dea-fhorbartha nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh ag gnólachtaí faoin áit ar cheart dóibh lonnú ann. Cuirtear an gréasán iompair ar bhóthar, ar iarnród agus san aer san áireamh. Baineann ríthábhacht ag baint le fáil a bheith ar leathanbhanda ardluais ina leith sin freisin.

**Dreasachtaí Rialtais**
Toisc eile ba cheart a chur san áireamh nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh ar an áit ar cheart lonnú ann is ea an fháil atá ar Réamh-Mhonarchana agus ar dheontais tharraingteacha. Cuireann an tÚdarás Forbartha Tionscail agus Fiontraíocht Éireann tacaíochtaí ar fáil.

**Praghsanna Réadmhaoine Tráchtála**
De dheasca an choir chun donais sa gheilleagar agus an tobchliste réadmhaoine, tá laghdú suntasach tagtha ar phraghsanna réadmhaoine tráchtála agus ar chíosanna tráchtála. Tá Éire níos tarraingtí chun tionscal a lonnú inti dá bharr. Cheannaigh Google réadmhaoin tráchtála le déanaí ar Shráid na Bearú, Baile Átha Cliath.

**Bonneagar Sóisialta**
Déanfaidh gnólachtaí breithniú ar an bhfáil atá ar scoileanna, ar ospidéil, ar pháirceanna, etc. ionas gur féidir lena lucht saothair stíl maith mhaireachtála a bheith acu.

**Dlíthe Pleanála**
Tá dlíthe pleanála na hÉireann solúbtha go leor chun freastal ar mhórchuideachtaí ilnáisiúnta ar mian leo iad féin a lonnú anseo. Freastalaíodh le dlíthe den sórt sin ar asraon de chuid Ikea, cuideachta Shualannach, a thógáil i ngar do Bhaile Átha Cliath, atá ar an asraon miondíola ba mhó i stair an stáit.

**3 thoisc: 5 mharc an ceann = 15 mharc**

**(c)** (i) Luaigh agus mínigh **trí** thoisc ba chúis leis an titim shuntasach ar an bpraghas ar réadmhaoin chónaithe in Éirinn sna blianta tar éis 2007.

(ii) Is é an riaráiste morgáiste (i.e. gan a bheith ábalta na dualgais a bhaineann le hiasacht mhorgáiste a chomhlíonadh) an fhadhb is mó a bhíonn ag a lán teaghlach i dtaca le fiacha pearsanta de.

Déan plé ar iarmhairt eacnamaíochta **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag **riaráiste morgáiste** ar **gach** ceann díobh seo a leanas:

- An teaghlach
- Earnáil na baincéireachta
- Rialtas na hÉireann. (30)

(i) Luaigh agus mínigh **trí** thoisc ba chúis leis an titim shuntasach ar an bpraghas ar réadmhaoin chónaithe in Éirinn sna blianta tar éis 2007.

**Tá siad seo ar na freagraí a d'fhéadfaí a thabhairt:**

**Tobchliseadh an mhargaidh réadmhaoine**
Mar thoradh ar níos mó agus níos mó talún a bheith á athaicmiú agus mar thoradh ar an mborradh sa tógáil, bhí an soláthar réadmhaoine níos mó ná an t-éileamh a bhí uirthi ach amháin sna cathracha móra (Baile Átha Cliath). Is ann do scáileastáit anois i mórán codanna den tír, go háirithe i gceantair in Iarthar na hÉireann.

**Géarchéim na Baincéireachta**
Mar thoradh ar athrú ar threoirlínte iasachtaithe agus ar rialúcháin chreidmheasa níos láidre tar éis thobchliseadh na baincéireachta, tá a lán banc ann nach bhfuil in ann airgead a thabhairt ar iasacht anois. Mar gheall ar na critéir maidir le hiasacht a thabhairt, tá sé beagnach dodhéanta dóibh é a dhéanamh. Tá níos lú banc ag oibriú i ngeilleagar na hÉireann faoi láthair freisin.

**Cúlú eacnamaíochta / Éileamh níos laige sa mhargadh tithíochta**
Mar thoradh ar an gcor chun donais sa gheilleagar agus ar an titim ar fhás geilleagrach a tháinig leis, tá laghdú tagtha ar an éileamh ar thithíocht. Bíonn níos lú ioncam indiúscartha ag daoine de bharr méaduithe ar chánachas, rud a chruthaíonn laghdú ar éileamh agus ar phraghsanna. Mar gheall ar an éiginnteacht eacnamaíoch, bheartaigh daoine áirithe gan trádáil suas chun teach níos mó a cheannach.

**Eisimirce**
De dheasca an choir chun donais sa gheilleagar agus na heaspa deiseanna fostaíochta atá ar fáil, ní raibh aon rogha ag a lán daoine óga ach an tír a fhágáil, rud ba chúis le titim ar an éileamh ar réadmhaoin chónaithe.

**Amhantraíocht i dtithíocht**
Le linn an bhorrtha, bhí éileamh amhantrach á bhrú chun cinn ag méaduithe ar phraghsanna réadmhaoine agus bhí níos mó daoine ag dul sa tóir ar dheiseanna infheistíochta. De bharr theacht chun cinn an chúlaithe eacnamaíochta, bhí níos lú daoine ag iarraidh infheistiú i réadmhaoin toisc go bhféachtar uirthi mar infheistíocht an-neamhchobhsaí.

**3 thoisc: 5 mharc an ceann = 15 mharc**

(ii) Is é an riaráiste morgáiste (i.e. gan a bheith ábalta na dualgais a bhaineann le hiasacht mhorgáiste a chomhlíonadh) an fhadhb is mó a bhíonn ag a lán teaghlach i dtaca le fiacha pearsanta de.

Déan plé ar iarmhairt eacnamaíochta **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag **riaráiste morgáiste** ar **gach** ceann díobh seo a leanas: an teaghlach / earnáil na baincéireachta / rialtas na hÉireann

**Tá siad seo ar na freagraí a d'fhéadfaí a thabhairt:**

Teaghlaigh

**An easpa muiníne i measc tomhaltóirí**
Bíonn fiachas ag méadú, rud a laghdaíonn caiteachas sa gheilleagar agus an t-éileamh comhiomlán. Bíonn tomhaltóirí ag díghiaráil, agus ní ag tomhailt. Dá bhrí sin, is féidir le riaráiste morgáiste muinín tomhaltóirí agus, uaidh sin, caiteachas tomhaltóirí, a laghdú. Is féidir leis an méid sin drochthionchar a imirt ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí ina hiomláine, rud a laghdaíonn caiteachas agus an t-éileamh comhiomlán.

**Laghdú ar acmhainneacht creidmheasa**
D'fhéadfadh go ndéanfadh riaráiste morgáiste dochar d'acmhainneacht creidmheasa teaghlach, rud a chuirfeadh srian leis an gcumas a bheadh acu airgead a fháil ar iasacht.

**Laghdú ar líon na dtithe atá ar díol / margadh réadmhaoine spealta**
D'fhéadfadh nach mbeadh daoine chomh toilteanach céanna a dtithe a dhíol toisc go dtabhóidís caillteanas. D'fhéadfadh go ndéanfadh sé sin difear do 'shoghluaisteacht an lucht oibre' agus don tsolúbthacht a theastaíonn chun bogadh go ceantair ina dtagann deiseanna fostaíochta chun cinn. Níl mórán gníomhaíochta sa mhargadh réadmhaoine.

**Riachtanas tithíochta sóisialta**
Sa chás go dtiteann daoine i riaráiste agus go ndéantar a dteach a athshealbhú ar deireadh, cuirtear na daoine sin ar an liosta tithíochta sóisialta ansin, rud a mhéadaíonn an liosta feithimh arís eile. Bíonn ualach níos mó ar an gcáiníocóir dá bharr sin.

Earnáil na baincéireachta

**Bearta chun fiachas a laghdú/dhíluacháil**
D'fhéadfadh go gcaillfeadh banc brabús de bharr neamh-aisíocaíocht iasachtaí. Ní mór dóibh straitéisí a fhorbairt chun dul i ngleic leis an bhfiachas gan íoc / le hiasachtaí ar gá iad a athstruchtúrú ina morgáistí scoilte 'ús amháin' agus leis an gcostas breise a bhaineann le fiachas a bhailiú. Beidh tionchar aige sin ar chumas na mbanc iasachtaí a thabhairt agus ar a bhféichiúnas féin.

**Faoi réir tuilleadh rialúcháin agus reachtaíochta**
D'fhéadfadh go mbeadh bainc faoi réir tuilleadh rialúcháin de bharr reachtaíochta maidir le díscríobh fiachais /athstruchtúrú / dócmhainneacht. Sna cásanna sin, ní mór dóibh aontú le réiteach agus iad ina gcreidiúnaí. D'fhéadfadh go gcuirfí isteach ar an gcumas a bheadh acu tástálacha struis an Bhainc Cheannais Eorpaigh a chomhlíonadh freisin.

**Dífhostaíocht in Earnáil na Baincéireachta**
Tá beartas cuíchóirithe á shaothrú ag bainc Éireannacha, in éineacht le roinnt banc eachtrach a fheidhmíonn anseo. Dá bharr sin, tá laghdú suntasach tagtha ar líon na ndaoine atá fostaithe san earnáil. Rinne na bainc mhóra laghdú ar a líon foirne ar mhaithe le costais a ísliú.

**Tobchliseadh i scairphraghsanna stoic na mbanc**
Chaill infheisteoirí muinín as na bainc. Dá bharr sin, thit scairphraghsanna na mbanc mar thoradh ar laghdú ar bhrabús, ar laghdú ar luach caipitiúil na mbanc, ar mhéadú ar fhiachas bainc agus ar náisiúnú roinnt banc.

Rialtas na hÉireann

**Laghdú ar Ioncam an Rialtais ó Cháin**
Ós rud é nach mbíonn a lán daoine in ann a réadmhaoin a dhíol de bharr moilliú ar dhíolachán réadmhaoine, laghdaíonn an t-ioncam ó idirbhearta réadmhaoine, an dleacht stampa don rialtas san áireamh, etc.
Ní bhíonn an oiread sin tithe á ndíol ach oiread agus cailleann an rialtas cánacha ar idirbhearta mar thoradh air sin freisin. Ní bhíonn tomhaltóirí ag caitheamh airgid de bharr an ioncaim indiúscartha laghdaithe a bhíonn acu. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh go mbeadh tionchar aige sin ar ioncam an rialtais ó cháin.

**Méadú ar dhíscríobh fiachais / Ráthóir do bhainc Éireannacha**
Tá an rialtas ina ráthóir *de facto* do bhainc Éireannacha anois. Is ar cáiníocóirí Éireannacha a leagtar caillteanais na mbanc ar deireadh. Athchaipitliú earnáil na baincéireachta de bharr neamh-aisíocaíocht caipitil. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh go mbeadh an rialtas faoi réir dliteanais bhainc amach anseo (instealltaí caipitil).

**Méadú ar an éileamh ar Thithíocht Shóisialta agus Inacmhainne**
Mar thoradh ar athshealbhú de bharr mainneachtain (loiceadh) fiachais agus mar thoradh ar na deacrachtaí a bhíonn ag tomhaltóirí morgáiste a fháil, tá céatadán níos airde daoine ann nach bhfuil aon rogha eile acu ach iarraidh ar an rialtas tithíocht shóisialta a chur ar fáil dóibh. Tá méadú suntasach tagtha ar liosta feithimh na tithíochta i mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

**Bearta nua tugtha isteach ag an rialtas chun dul i ngleic le géarchéim na baincéireachta / tithíochta**
Bhí ar an rialtas reachtaíocht nua a thabhairt isteach, tuilleadh rialúcháin a dhéanamh ar earnáil na baincéireachta agus iarracht a dhéanamh cabhrú le teaghlaigh déileáil le riaráiste morgáiste.
Áirítear leis na bearta: Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta, 2012 (nua) arb é is aidhm dó cúnamh a thabhairt do na bainc fiachas a laghdú tar éis féimheachta / Tuilleadh rialúcháin a dhéanamh ar na bainc chun dul i ngleic le riaráiste / Cóid iompair nua maidir le bailiú fiachais / Cuireann scéim náisiúnta 'morgáiste go cíos' ar chumas daoine a mbíonn deacrachtaí acu a morgáiste a íoc, aistriú ó úinéireacht an tí chuig an teach a ghlacadh ar cíos mar thionónta sóisialta. Nuair a ghlacann daoine leis an rogha sin, ní leosan a dteach a thuilleadh.

**1 iarmhairt eacnamaíochta amháin in aghaidh na catagóire**
**5 mharc an ceann = 15 mharc**

## C5 Ioncam Náisiúnta

**(a)** Taispeánann an tábla seo leibhéal na nithe seo a leanas sna blianta 2013 agus 2014:
Ioncam Náisiúnta (Y), Tomhaltas (C), Infheistíocht (I), Caiteachas an Rialtais (G), Easpórtálacha (X) agus Iompórtálacha (M).

| | Y | C | I | G | X | M |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **2013** | €80,000 | €? | €10,000 | €40,000 | €100,000 | €120,000 |
| **2014** | €90,000 | €56,000 | €15,000 | €34,000 | €110,000 | €? |

Ríomh iad seo a leanas agus úsáid á baint agat as na sonraí seo:
**(Taispeáin do chuid oibrithe go léir.)**

(i) Leibhéal an Tomhaltais in 2013
(ii) An Claonadh Imeallach chun Tomhaltais (MPC)
(iii) Leibhéal na nIompórtálacha in 2014
(iv) An Claonadh Imeallach chun Iompórtála (MPM). (20)

**(i) Tomhaltas in 2013**

Y = C + I + G + X – M
80,000 = C + 10,000 + 40,000 + 100,000 – 120,000
80,000 = C + 30,000
80,000 – 30,000 = C
C = 50,000

**5 mharc**

**(ii) Claonadh Imeallach chun Tomhaltais**

$$MPC = \frac{\Delta C}{\Delta Y}$$

$$MPC = \frac{6,000}{10,000} = 0.6\ (60\%)$$

**5 mharc**

**(iii) Iompórtálacha in 2014**

Y = C + I + G + X – M
90,000 = 56,000 + 15,000 + 34,000 + 110,000 – M
90,000 = 215,000 – M
M = 125,000

**5 mharc**

**(iv) Claonadh Imeallach chun Iompórtála**

$$MPM = \frac{\Delta M}{\Delta Y}$$

$$MPM = \frac{5,000}{10,000} = 0.5\ (50\%)$$

**5 mharc**

**(b)** "Tá Éire ar bharr liosta Forbes de na tíortha is fearr chun gnó a dhéanamh iontu."
(Forbes Magazine 4 Nollaig 2013).
Déan plé ar na slite ar féidir le Cuideachtaí Ilnáisiúnta sochar eacnamaíochta a dhéanamh do gheilleagar beag mar atá in Éirinn. (20)

**Tá siad seo ar na freagraí a d'fhéadfaí a thabhairt:**

**Fostaíocht / caighdeán maireachtála níos fearr / fás geilleagrach**
Fostaíonn cuideachtaí ilnáisiúnta a lán daoine anseo in Éirinn, go háirithe i dtionscal na teicneolaíochta, na cógaisíochta agus na bhfeistí leighis, agus na gceimiceán. Cuireann an fhostaíocht borradh faoin ioncam agus faoi gcaiteachas laistigh de cheantair. Cruthófar fostaíocht i dtionscail tacaíochta freisin.

**Tairbhe do Chomhardú na nÍocaíochtaí**
Bíonn tionchar mór ag cuideachtaí ilnáisiúnta ar Chomhardú na nÍocaíochtaí, agus leibhéal na n-easpórtálacha (onnmhairithe) ó Éirinn á mhéadú acu agus ioncam riachtanach á thuilleamh acu don gheilleagar.

**Infheistíocht i dTaighde agus Forbairt agus in Oideachas**
Tá méadú suntasach tagtha ar an leibhéal infheistíochta atá á thabhairt d'ollscoileanna agus d'institiúidí tríú leibhéal eile atá i mbun taighde agus forbartha. D'fhág sé sin gur féidir le hÉirinn leanúint de bheith ar thús cadhnaíochta i ndul chun cinn na teicneolaíochta / teicnící nua teicneolaíochta agus bainistíochta, rud a chruthóidh acmhainn táirgeachta níos fearr sa todhchaí.

**Méadú ar Ioncam Rialtais don gheilleagar**
De réir mar a lonnaíonn níos mó agus níos mó cuideachtaí ilnáisiúnta anseo, bíonn ranníocaíocht níos mó á déanamh ag na cuideachtaí sin leis an státchiste trí cháin chorparáideach agus trí chánacha díreacha agus indíreacha araon.

**Méadú ar an éileamh ar Réadmhaoin Tráchtála**
Tar éis do Google, Facebook, LinkedIn, etc. lonnú anseo, tá méadú tagtha ar an éileamh ar spás oifige agus ar réadmhaoin tráchtála araon, go háirithe i mBaile Átha Cliath.

**Cuirtear forbairt réigiúnach chun cinn**
Tá a lán cuideachtaí ilnáisiúnta tar éis lonnú in Iarthar na hÉireann agus i láithreacha imeallacha eile mar gheall ar na deontais agus na réamh-mhonarchana atá ar fáil iontu, rud a chabhraíonn leis an aidhm atá ag an rialtas forbairt chothromaithe réigiúnach a bhaint amach.

**Tugtar teicneolaíocht nua isteach**
Agus teicneolaíocht nua á tabhairt isteach, cuirtear le bonn scileanna oibrithe Éireannacha agus cuirtear feabhas ar shoghluaisteacht agus ar shaineolas fostaithe dá bharr.

**Tairbhe do chuideachtaí dúchasacha**
Agus níos mó cuideachtaí ilnáisiúnta ann, bíonn tionchar iarmhartach ann ar chuideachtaí dúchasacha, e.g. cuideachtaí iompair / lóistíochta a mbíonn baint acu le táirgí a dháileadh, cuideachtaí pacáistithe, etc.

**Cáil níos fearr ar an tír maidir le hinfheistíocht dhíreach eachtrach (FDI) amach anseo**
De réir mar a roghnaíonn níos mó agus níos mó gnólachtaí idirnáisiúnta / ilnáisiúnta iad féin a lonnú anseo, cuirtear le cáil na hÉireann mar áit chun gnó a dhéanamh inti.

**Spreagann cuideachtaí ilnáisiúnta tuilleadh infheistíocht dhíreach eachtrach (FDI)**
Mar thoradh ar an gcáil atá ar Éirinn mar áit chun gnó ar mhórscála a dhéanamh ann, cuirtear leis an muinín as Éirinn maidir le hinfheistíocht dhíreach eachtrach de. Spreagann cuideachtaí ilnáisiúnta amhail CRH, Grúpa Chiarraí, Glanbia, Paddy Power, etc. tuilleadh infheistíochta isteach.

**Forbairt "Silicon Valley" (cnuasaigh de chuideachtaí ilnáisiúnta a bhfuil croíchumais acu)**
Insreabhadh gnólachtaí ardteicneolaíochta ina gcnuasaigh. Tá ceantair ina bhfuil gnólachtaí teicneolaíochta lonnaithe cheana féin tarraingteach do ghnólachtaí nua teicneolaíochta.

**4 phointe eolais: 5 mharc an ceann = 20 marc**

**(c)** Baineann eacnamaithe úsáid as Olltáirgeacht Intíre (OTI) agus as Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN) chun gníomhaíocht gheilleagrach a thomhas.

(i) Sainmhínigh **gach** ceann de na téarmaí a bhfuil líne fúthu.

(ii) Cé acu ceann de na téarmaí sin is úsáidí mar thomhas na gníomhaíochta geilleagraí in Éirinn, dar leat? Mínigh do fhreagra.

(iii) Déan plé ar **thrí** theorainn a bhaineann le staitisticí ioncaim náisiúnta. (35)

(i) Sainmhínigh **gach** ceann de na téarmaí a bhfuil líne fúthu.

Is féidir Olltáirgeacht Intíre a shainmhíniú mar an t-aschur iomlán a tháirgeann na tosca táirgeachta sa gheilleagar intíre beag beann ar cé acu atá na tosca faoi úinéireacht Éireannach nó faoi úinéireacht eachtrach.

**6 mharc**

Sainmhínítear Olltáirgeacht Náisiúnta mar an t-aschur iomlán (luach na n-earraí agus na seirbhísí) a tháirgeann tosca táirgeachta faoi úinéireacht Éireannach in Éirinn agus in áiteanna eile thar lear. Tomhas an ioncaim a fhabhraíonn do chónaitheoirí na tíre is ea í.

**6 mharc**

(ii) Cé acu ceann de na téarmaí sin is úsáidí mar thomhas na gníomhaíochta geilleagraí in Éirinn, dar leat? Mínigh do fhreagra.

**Freagra a d'fhéadfaí a thabhairt:**

- OTN = OTI +Glanioncam ó Thosca Thar Lear (GTTL)
- Áirítear le OTI luach na n-earraí agus na seirbhísí uile a tháirgtear sa tír sa tréimhse áirithe. Is é buntomhas na gníomhaíochta geilleagraí é.
- Ós rud é gur figiúr diúltach é GTTL i gcás na hÉireann, agus é measartha mór, tá difríocht shuntasach idir OTI agus OTN in Éirinn.
- Figiúr diúltach é GTTL mar gheall air gur mó an brabús a thuilleann cuideachtaí ilnáisiúnta agus a sheolann iad ar ais abhaile (aisdúichiú) ná an brabús a thuilleann cuideachtaí ilnáisiúnta Éireannacha atá lonnaithe thar lear agus a sheolann siad abhaile. Bíonn na haisíocaíochtaí úis ar an bhfiachas Éireannach atá ag neamhchónaitheoirí ina gcúis leis an bhfigiúir 'Glanioncam ó Thosca Thar Lear' a bheith diúltach.
- Eis-sreabhadh é aisdúichiú brabús agus aisíocaíocht úis ar an bhfiachas náisiúnta le neamhchónaitheoirí, agus, ar an ábhar sin, is gnách go mbíonn OTI in Éirinn giota maith níos mó ná OTN.
- Cé go mbaintear leas as OTI mar bhonn comparáide le tíortha eile san AE, is dócha gur fearr an tomhas ar ghníomhaíocht eacnamaíochta na hÉireann í OTN. Ní bhíonn san áireamh san OTN ach an chuid sin den ghníomhaíocht eacnamaíochta a tháirgeann náisiúnaigh Éireannacha agus a bhíonn i bpáirt acu.

**8 marc**

(iii) Déan plé ar **thrí** theorainn a bhaineann le staitisticí ioncaim náisiúnta..

**Tá siad seo ar na freagraí a d'fhéadfaí a thabhairt:**

**Saobhadh daonra**
Is gá athruithe daonra, in éineacht le hathruithe ar ioncam náisiúnta, a chur san áireamh nuair a bhíonn feidhmíocht gheilleagrach tíre á meas. Má mhéadaíonn ioncam náisiúnta ar ráta níos moille ná an daonra, D'fhéadfadh sé gur laghdóidh an mheán ioncam in aghaidh an duine agus d'fhéadfadh titim a bheith sa mheánchaighdeán maireachtála. D'fhéadfadh sé gur fearr ioncam in aghaidh an duine mar léiriú ar chaighdeáin mhaireachtála ná ioncam náisiúnta.

**Praghsanna seasmhacha agus praghsanna reatha / Boilsciú**
Beidh méadú ar ioncam náisiúnta ann mar thoradh ar mhéadú ar phraghsanna, ach d'fhéadfadh go mbeadh titim ar an gcaighdeán maireachtála dá bharr sin. Mar sin, is gá ioncam náisiúnta a chur i gcomparáid le hathruithe ar phraghsanna ionas gur féidir breithniú a dhéanamh ar an tionchar ar chaighdeán maireachtála / ar fheidhmíocht gheilleagrach. Léiriú níos fearr ar fhás gheilleagrach is ea OTI ríofa ar phraghsanna seasmhacha ná OTI ar phraghsanna margaidh.

**Gabhann costais shóisialta faoi cheilt le méaduithe ar ioncam náisiúnta / Seachtrachtaí i gceist**
Má mhéadaíonn gnólacht a aschur, méadóidh an t-ioncam náisiúnta dá bharr. Mar sin féin, d'fhéadfadh gur costas faoi cheilt a bheadh i méadú ar thruailliú, etc. Ní chuirtear san áireamh seachtrachtaí dearfacha agus diúltacha amhail cúngach, diúscairt dramhaíola agus tarraingteacht ceantar.

**Dáileadh ioncaim náisiúnta agus bochtaineacht**
Agus staitisticí Ioncaim Náisiúnta á gcur ar fáil, tugtar figiúirí ginearálta maidir le feidhmíocht fhoriomlán gheilleagrach. Is gá tuilleadh taighde a dhéanamh chun a fháil amach cén dóigh a ndáiltear an t-ioncam. e.g. d'fhéadfadh an leibhéal céanna OTN a bheith ag dhá thír ar leith. Ach d'fhéadfadh go ndáilfí an t-ioncam sin ar bhealach an-éagsúil sa dá thír, rud a mbeadh iarmhairtí aige ar leas na saoránach.

**Ní thomhaistear idirbhearta an scáthgheilleagair**
Ní chuirtear an geilleagar dubh san áireamh agus ioncam náisiúnta á ríomh. Bíonn sé doiligh luach na n-idirbheart neamhthuairiscithe a ríomh, rud a dhéanann an leibhéal ioncaim náisiúnta a mheas faoina luach.

**Cineál na n-earraí a tháirgtear**
Tír a chaitheann méid beag ar threalamh míleata agus méid mór ar shláinte, oideachas, etc., beidh caighdeán maireachtála níos fearr aici ná tír ina ndéantar a mhalairt, i.e. caitear cuid mhaith dá saibhreas ar armálacha. Is mór an difríocht idir an dá thír ó thaobh leas coibhneasta geilleagrach de, ach ní léirítear an difríocht sin i sonraí an Ioncaim Náisiúnta.

**3 phointe eolais: 5 mharc an ceann = 15 mharc**

**Marcáiltear freagraí inghlactha eile de réir a bhfiúntais**

## C6 Aidhmeanna Eacnamaíochta / Príobháidiú / Déine

**(a)** (i) Luaigh agus mínigh **ceithre** aidhm/chuspóir eacnamaíochta atá ag Rialtas na hÉireann faoi láthair.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** choimhlint a d'fhéadfadh teacht chun cinn idir chuid d'aidhmeanna/chuspóirí eacnamaíochta seo an Rialtais. (30)

(i) Luaigh agus mínigh **ceithre** aidhm/chuspóir eacnamaíochta atá ag Rialtas na hÉireann faoi láthair.

**Tá siad seo ar na freagraí a d'fhéadfaí a thabhairt:**

**Dífhostaíocht a laghdú**
Is é 11.8% an ráta dífhostaíochta faoi láthair. Tá an rialtas tar éis roinnt tionscnamh a thabhairt isteach ar mhaithe le hionchais fostaíochta a mhéadú, e.g. Job Bridge do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach. Cuirtear cúrsaí SOLAS ar fáil. Is é aidhm an rialtais dífhostaíocht a laghdú go 10% faoin mbliain 2016.

**An fiachas náisiúnta a laghdú / airgeadas poiblí inbhuanaithe a bhaint amach**
Is ionann fiachas na hÉireann agus 124% de OTI faoi láthair. Is gá don rialtas féachaint leis an bhfigiúr sin a laghdú. Cé gur scoireadh plean tarrthála na Triúrachta, táimid fós faoi threoir na Triúrachta (Troika) agus leanfaidh siad de bheith ag monatóireacht na n-iarrachtaí a dhéanaimid an fiachas náisiúnta a laghdú. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as na cistí ó shócmhainní stáit a dhíol chun an fiachas a laghdú. Tá guaim agus smacht ag teastáil ina leith sin. Is é an aidhm atá ann an t-easnamh fioscach a laghdú go 3% de OTI faoin mbliain 2015.

**Fás geilleagrach a bhaint amach**
Is é atá i gceist le fás geilleagrach ná méadú ar an aschur in aghaidh an duine sa gheilleagar (fairsingiú acmhainn táirgeachta an gheilleagair). Dá bhrí sin, má thagann méadú ar an aschur in aghaidh an duine, tá sé le tuiscint go dtiocfaidh méadú ar an ioncam in aghaidh an duine. Táimid faoi threoir ag an Triúracht fás geilleagrach a thabhairt ar ais i nGeilleagar na hÉireann. Cuirfear oifigí áitiúla fiontair ar bun. Is gá fostaíocht a mhéadú agus an fiachas a dhéanamh níos iniompartha.

**Borradh a chur faoi easpórtálacha / iomaíochas a fheabhsú / infheistíocht a mhealladh**
Trí bhearta a dhéanamh chun iomaíochas a fheabhsú tá súil ag an rialtas go leanfaidh easpórtálacha Éireannacha de bheith ag fás agus go gcuideoidh sin le poist a chruthú. Tá sé mar aidhm ag an rialtas freisin costas fóntas a laghdú. D'fhéadfadh go mbeadh Éire ní ba tharraingtí d'infheistíocht dhíreach eachtrach dá bharr. Féachann misin trádála leis an Údarás Forbartha Tionscail agus le Fiontraíocht Éireann chuig an tSín etc. le hinfheistíocht dhíreach eachtrach a mhéadú.

**An bonn cánach a leathnú / tuilleadh cinnteachta ó thaobh ioncam cánach de**
Thug an rialtas isteach an cháin áitiúil ar réadmhaoin mar aon le muirear ar iniúchadh a dhéanamh ar umar séarachais agus tá sé i gceist aige cáin uisce a thabhairt isteach freisin. Cuirfidh na cánacha sin breis cobhsaíochta agus cinnteachta ar fáil do bhailiú ioncam an rialtais feasta.

**Forbairt gheilleagrach inbhuanaithe**
Is é aidhm an rialtas infheistíocht a mhéadú i bhfuinneamh in-athnuaite d'fhonn astuithe carbóin a laghdú agus d'fhonn a chur ar chumas na hÉireann a bheith níos inbhuanaithe. Tá fáil ar dheontais le haghaidh insliú tí etc. i measc na mbeart atá i bhfeidhm.

**Forbairt chothromaithe réigiúnach**
Thóg an tÚdarás Forbartha Tionscail réamh-mhonarchana lasmuigh de réigiún Bhaile Átha Cliath. Táthar ag súil go gcruthófar poist sna réigiúin ar mhaithe le gníomhaíocht gheilleagrach a mhéadú sna réigiúin sin.

**4 phointe eolais: 5 mharc an ceann = 20 marc**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** choimhlint a d’fhéadfadh teacht chun cinn idir chuid d’aidhmeanna / chuspóirí eacnamaíochta seo an Rialtais.

**Tá siad seo ar na freagraí a d’fhéadfaí a thabhairt:**

**Airgeadais rialtais inbhuanaithe *in aghaidh* fás geilleagrach / fás san fhostaíocht**
Mar thoradh ar bheartais an rialtais chun an fhostaíocht a mhéadú, d’fhéadfaí go dtarlódh méadú ar chaiteachas an rialtais agus ar an easnamh sa bhuiséad dá réir. D’fhéadfadh sin a bheith ann go gearrthéarmach, áfach, mar go mbeidh leibhéal níos airde ioncaim ó cháin ann amach anseo mar thoradh air sin, rud a laghdódh an t-easnamh.

**Airgeadais rialtais inbhuanaithe *in aghaidh* forbairt réigiúnach**
Bíonn caiteachas caipitiúil ollmhór (leathanbhanda agus seirbhísí de leithéid ospidéil agus scoileanna) de dhíth don fhorbairt réigiúnach, agus bíonn drochthionchar aige sin ar an easnamh sa bhuiséad.

**Lánfhostaíocht *in aghaidh* comhionannas**
Chun an comhionannas a bhaint amach, ní mór don rialtas acmhainní a atreorú ó chuid amháin den tsochaí go cuid eile di. D’fhéadfaí go mbeadh an dul chun cinn a dhéanfaí i dtreo an chomhionannais ina chúis le laghdú éifeachtúlachta agus fostaíochta, e.g. dá ngearrfaí cáin ar fhostóirí, b’fhéidir go bhfostófaí níos lú oibrithe.

**Fás Geilleagrach *in aghaidh* beartas cóir sóisialta.............etc.**

**2 choimhlint: 5 mharc an ceann = 10 marc**

**Marcáiltear freagraí inghlactha eile de réir a bhfiúntais**

(b) Déan plé ar argóintí i bhfabhar **agus** i gcoinne sócmhainní stáit a phríobháidiú. (20)

**Tá siad seo ar na freagraí a d'fhéadfaí a thabhairt:**

<u>Argóintí i bhfabhar an phríobháidithe:</u>

**Ioncam don rialtais**
D'fhéadfadh an rialtas úsáid a bhaint as an ioncam ó dhíolachán na sócmhainne mar chúnamh leis an leibhéal iasachtaí a laghdú amach anseo. Bhí sé sin ar cheann de na moltaí a rinne an Triúracht (Troika) le linn na 'tarrthála' a rinneadh le déanaí.

**Iomaíocht bhreise**
D'fhéadfadh an iomaíocht sa tionscal cuir le feabhas na seirbhísí atá á dtairiscint do chustaiméirí agus go mbeadh praghsanna níos iomaíche ar earraí agus ar sheirbhísí mar thoradh air sin e.g. aerthaisteal in Éirinn. Le cuíchóiriú, deimhnítear go bhfaightear an éifeachtúlacht is mó ó na hacmhainní atá ar fáil.

**Cultúr fiontraíochta**
Le scairúinéireacht mhéadaithe, d'fhéadfaí go dtiocfadh fás ar an gcultúr fiontraíochta sa tír, rud a chuirfeadh leis an bhfostaíocht.

**Fáil ar airgeadas**
Trí scaireanna breise a dhíol ar an stocmhalartán, bíonn fáil ar airgeadas breise ag cuideachtaí príobháideacha.

**Dreasachtaí níos fearr maidir leis an nuálaíocht**
D'fhéadfaí go mbeadh spreagadh breise ag fostaithe a bheith nuálach agus táirgiúlacht a mhéadú mar go bhféadfaidís luach saothair níos mó a ghnóthú as a gcuid nuálaíochta san earnáil phríobháidithe e.g. bónais ní b'airde.

**Fáil réidh le cuideachtaí a mbíonn caillteanas acu**
Trí chuideachtaí a mbíonn caillteanais acu a dhíol, baintear an t-ualach sin den stát agus ba cheart, ar an ábhar sin, go laghdófaí an t-ualach ar cháiníocóirí.

**2 argóint ina fhabhar: 5 mharc an ceann = 10 marc**

<u>Argóintí i gcoinne an phríobháidithe:</u>

**Praghsanna níos airde / caighdeáin seirbhíse níos ísle**
D'fhéadfadh caighdeán na seirbhísí a sholáthródh an chuideachta nua dul in olcas ar mhaithe le costais a spáráil. D'fhéadfaí praghsanna a mhéadú d'fhonn an t-ioncam a mhéadú.

**Caillteanas post agus cinnteacht phoist laghdaithe**
D'fhéadfadh sé tarlú go gcaillfí poist de bharr cuíchóiriú seirbhísí agus d'fhéadfadh costais ní b'airde leasa shóisialaigh teacht chun cinn dá bharr.

**Caillteanas Acmhainne Stáit / caillteanas brabús bliantúil**
Cailleann cáiníocóirí bonneagar ríthábhachtach, ar leis an stát é tráth den saol. Caillfidh an stát an brabús a dhéanfadh gnólachtaí brabúsacha stáit.

**Úinéireacht Eachtrach**
Dá ndíolfaí sócmhainn faoi úinéireacht stáit, d'fhéadfadh ceannaitheoirí thar lear a bheith ina n-úinéirí ar chuideachta Éireannach agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh stiúir na sócmhainne dul lasmuigh den stát.

**Caillteanas seirbhísí poiblí bunriachtanacha**
D'fhéadfadh an chuideachta nuaphríobháidithe deireadh a chur leis na seirbhísí sin nach bhfuil brabús leo, rud a d'fhéadfadh aimhleas grúpaí ísealioncaim go háirithe a dhéanamh.

**2 argóint ina choinne: 5 mharc an ceann = 10 marc**

**(c)** Sa nuachtán *The Irish Times*, i mí na Samhna 2013, rinne an t-eacnamaí Joseph Stiglitz a thuar go gcaillfeadh geilleagar na hÉireann 'deich mbliana' mar gheall ar an tréimhse fhada déine.
(Is é atá i gceist le déine ná bearta a thugann rialtas isteach d'fhonn Easnamh sa Bhuiséad a laghdú.)
Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** iarmhairt eacnamaíochta do gheilleagar na hÉireann a d'fhéadfadh éirí as na bearta déine a tugadh isteach i gcáinaisnéisí Rialtas na hÉireann le roinnt blianta anuas. (25)

**Tá siad seo ar na freagraí a d'fhéadfaí a thabhairt:**

**Dífhostaíocht mhéadaithe/ Eisimirce**
Má laghdaítear seirbhísí stáit bíonn níos lú ioncaim indiúscartha ann dá bharr, rud is cúis le níos lú gnólachtaí a bheith ann (laghdú táirgeachta, laghdú ar an lucht saothair, dúnadh na ngnólachtaí b'fhéidir) agus dífhostaíocht dá bharr. Tá tionchar diúltach ag na bearta déine seo ar an ráta dífhostaíochta. B'éigean do roinnt daoine dul ar eisimirce tar éis dóibh a bpost a chailleadh anseo.

**Caillteanas muiníne sa ghnó / easpa infheistíochta**
Le breis déine ann agus le níos lú ioncam indiúscartha ar fáil, chuaigh fiontraithe sa tóir ar dheiseanna infheistíochta thar lear mar nach raibh muinín acu as geilleagar na hÉireann. Ceaptar nach féidir brath an méid céanna ar an toradh ar infheistíocht, agus nach bhfuil an ráthaíocht chéanna ag baint leis.

**Laghdú ar an éileamh comhiomlán / ar an gcaiteachas / easpa fáis gheilleagraigh**
Mar thoradh díreach ar chiorruithe rialtais ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh etc., bíonn níos lú ioncam indiúscartha ar fáil lena chaitheamh, dá bhrí sin laghdaíonn an t-éileamh comhiomlán, rud is cúis le laghdú ar an bhfás geilleagrach.

**Laghdú ar chaighdeáin mhaireachtála / cánachas méadaithe / ciorruithe ar shochair agus ar sheirbhísí leasa shóisialaigh / neamhionannas níos mó**
Mar gheall ar na bearta déine atá tugtha isteach ag an rialtas, tháinig méadú ar chánacha faoi choim (cánacha cúlchéimnitheacha) agus ar chineálacha nua cánachais amhail an cháin réadmhaoine áitiúil, agus an muirear teaghlaigh. Tá laghdú tagtha ar chaighdeáin mhaireachtála daoine mar gheall ar na nithe sin.

**Féichiúnas méadaithe**
Laistigh den gheilleagar féin, d'fhéadfadh breis féichiúnais a bheith ar dhaoine de thoradh ar an méadú ar na cánacha faoi choim. Tá tionchar diúltach ag na leibhéil arda den féichiúnas pearsanta anois ar bhainc, ar chomhair chreidmheasa, etc. Bíonn cúngach creidmheasa ina thoradh air sin san fhadtréimhse.

**Méadú ar ról an rialtais**
Is straitéisí i bhfad ról an rialtais i rith tréimhse fada déine e.g. dá mba rud é nach mbeadh ar chumas daoine íoc as árachas sláinte etc. b'fhéidir go mbeadh ar an rialtas idirghabháil a dhéanamh agus cártaí liachta a sholáthar. B'fhéidir go mbeadh gá freisin le hinfheistíocht bhreise i scéimeanna liúntas cíosa, i dtithíocht shóisialta inacmhainne, etc.

**Neamhionannas réigiúnach níos mó**
Tá limistéir imeallacha na tíre ag fulaingt i bhfad níos mó i rith na tréimhse fada déine seo. Tá dúnadh gnólachtaí agus caillteanas post mar shainchomhartha feiceálach air sin sna réigiúin imeallacha.

**An 1ú fhreagra ceart: 7 marc**
**An 2ú/3ú/4ú freagra ceart: 6 mharc**

## C7 Eacnamaíocht an daonra / Fás geilleagrach agus forbairt gheilleagrach

**(a)** (i) Déan idirdhealú idir na téarmaí 'forbairt gheilleagrach' agus 'fás geilleagrach' agus tú ag tagairt do Thíortha Tearcfhorbartha.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thréith a bhaineann le Tíortha Tearcfhorbartha. (25)

(i) Déan idirdhealú idir na téarmaí 'forbairt gheilleagrach' agus 'fás geilleagrach'

**Forbairt Gheilleagrach**
Tarlaíonn sé nuair a thagann méadú ar an leibhéal ioncaim / ar an gcaighdeán maireachtála / ar aschur / ar OTN in aghaidh an duine i dtír chomh maith le hathrú ar chomhdhéanamh na sochaí.

**5 mharc**

**Fás Geilleagrach**
Is féidir é a shainmhíniú mar mhéadú ar OTN in aghaidh an duine / gan aon athrú ar chomhdhéanamh na sochaí.

**5 mharc**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thréith a bhaineann le Tíortha Tearcfhorbartha.

**Tá siad seo ar na freagraí a d'fhéadfaí a thabhairt:**

**Rátaí arda fáis faoin daonra i dTíortha Tearcfhorbartha**

**Gorta i dTíortha Tearcfhorbartha / ionchas saoil íseal**

**Fiachais eachtracha arda / easpa caipitil**

**Céatadán ard den daonra ag gabháil do thionscail eastóscacha / phríomhúla i dTíortha Tearcfhorbartha**

**Drochbhonneagar i dTíortha Tearcfhorbartha**

**Leibhéil ísle oideachais / litearthachta i dTíortha Tearcfhorbartha**

**Dúshaothrú ag cuideachtaí ilnáisiúnta, ag daoine aonair sa tír féin agus ag tíortha eachtracha**

**Caimiléireacht pholaitiúil / institiúidí polaitiúla níos éagobhsaí**

**3 phointe eolais: 5 mharc an ceann = 15 mharc**

**Marcáiltear freagraí inghlactha eile de réir a bhfiúntais**

**(b)** (i) Déan cur síos ar **thrí** chineál cúnaimh ón iasacht atá ar fáil do Thíortha Tearcfhorbartha.
(ii) Déan plé ar an gcúis a bhféadfadh sé tarlú nach i gcónaí a bheadh fás geilleagrach ann sna Tíortha Tearcfhorbartha de thoradh ar chúnamh ón iasacht. (25)

(i) Déan cur síos ar **thrí** chineál cúnaimh ón iasacht atá ar fáil do Thíortha Tearcfhorbartha.

**Cabhair airgeadais dhíreach ó rialtais**
Tugtar cúnamh forbartha oifigiúil, deontais agus iasachtaí air seo freisin. D'fhéadfadh rialtais cabhair a chur ar fáil chun cabhrú i gcásanna éigeandála. D'fhéadaidís cabhrú freisin le bonneagar a fhorbairt agus le hoideachas, cláir shláinte, etc. a sholáthar.

**Cabhair airgeadais trí ghníomhaireachtaí deonacha**
Bíonn cabhair dhíreach á soláthar ag gníomhaireachtaí deonacha idirnáisiúnta éagsúla do Thíortha Tearcfhorbartha freisin ar bhonn buan nó in aimsir éigeandála.

**Cabhair (seachas cabhair airgeadais) á soláthar ag saoránaigh eachtracha**
D'fhéadfadh saoránaigh eachtracha dul ag obair i dTíortha Tearcfhorbartha agus seirbhís riachtanach a chur ar fáil, e.g. múineadh nó tógáil nó cúram sláinte a chur ar fáil, etc. Is féidir le saoránaigh eachtracha cabhrú trí 'tháirgí cóirthrádála' a cheannach lena ndeimhnítear praghsanna níos airde do na táirgeoirí agus, dá réir sin, caighdeán maireachtála níos fearr do shaoránaigh i dTíortha Tearcfhorbartha.
D'fhéadfadh saoránaigh eachtracha bia, éadaí, beostoc, etc. a bhronnadh chun cur le caighdeán maireachtála na saoránach i dTíortha Tearcfhorbartha.

**Fiachais náisiúnta a athstruchtúrú**
Dá ndéanfaí fiachais náisiúnta na dTíortha Tearcfhorbartha a chur ar ceal nó a athstruchtúrú, bheadh airgead sa bhreis ar fáil ag na Tíortha Tearcfhorbartha lena úsáid ar an bhforbairt gheilleagrach ina dtíortha féin.

**Comhlachtaí Ilnáisiúnta lonnú i dTíortha Tearcfhorbartha**
Trí dheiseanna fostaíochta a sholáthar, tugann comhlachtaí ilnáisiúnta scileanna do dhaoine. Chabhródh an pá cóir a gheofaí le borradh a chur faoin éileamh intíre; chuirfeadh sé ioncam cánach ar fáil don stát agus chuirfeadh sé borradh faoi chúrsaí fostaíochta.

**Feabhas a chur ar na téarmaí trádála le Tíortha Tearcfhorbartha**
Bíonn formhór na dtíortha tearcfhorbartha ag fulaingt faoi théarmaí neamhfhabhracha trádála.
Dá mb'fhearr an teacht a bhí acu ar na margaí sa domhan forbartha agus/nó dá mbeadh na téarmaí trádála atá ar fáil níos fabhraí d'fhéadfadh na tíortha tearcfhorbartha a gcuid easpórtálacha a mhéadú agus/nó praghsanna níos airde a fháil ar a n-easpórtálacha agus a n-ioncam náisiúnta a threisiú dá bharr.

**Cuidiú leis na tíortha tearcfhorbartha le scileanna agus teicneolaíochtaí**
D'fhéadfadh rialtais nó gníomhaireachtaí deonacha scileanna agus teicneolaíochtaí a chur ar fáil do na tíortha tearcfhorbartha ionas go bhfeabhsófar caighdeáin mhaireachtála; threiseodh sé sin a n-acmhainn táirgiúlachta.

**3 phointe eolais: 5 mharc an ceann.**

(ii) Déan plé ar an gcúis a bhféadfadh sé tarlú nach i gcónaí a bheadh fás geilleagrach ann sna Tíortha Tearcfhorbartha de thoradh ar chúnamh ón iasacht.

**Dáileadh éagórach buntáistí / Bearna na bochtaineachta ag leathnú / éifeachtaí tabhairt ar aghaidh**
B'fhéidir nach dtabharfaí an rachmas méadaithe ar aghaidh chuig na daoine is mó a dteastaíonn sé uathu agus b'fhéidir nach mbeadh fás geilleagrach mar thoradh air. Is minic a bhíonn an rachmas sna tíortha is boichte i lámha scothaicme bheag cheannasach. I mórán cásanna tá deachtóireachtaí míleata coitianta agus is mian leo an status quo a choinneáil. D'fhéadfaí an t-airgead a úsáid chun airm a cheannach agus ar thionscadail neamhriachtanacha eile, e.g. an tSomáil agus an Afganastáin.

**Costais don chomhshaol**
Méadú ar thruailliú, máchailiú an tírdhreacha / an chomhshaoil; d'fhéadfadh sraoilleáil uirbeach ar mhórscála tionchar deimhneach ar bith ón gcúnamh eachtrach a chealú.

**Fás tapa daonra/ caighdeán maireachtála**
Tá an daonra atá ag fás go tapa sna tíortha tearcfhorbartha agus is iad na himpleachtaí a bhaineann le fás daonra den sórt sin go sáraíonn an méadú ar an daonra an fás geilleagrach go hiomlán. D'fhéadfadh go mbeadh sé deacair tionchar an chúnaimh eachtraigh a aithint toisc go bhféadfadh sé nach bhfeabhsódh sé an caighdeán maireachtála.

**Cultúr spleáchais seachas feabhas ar an ngeilleagar áitiúil**
D'fhéadfadh cultúr spleáchais a bheith i roinnt de na tíortha tearcfhorbartha agus d'fhéadfadh go mbeadh sé seo ina mórbhacainn ar fhás agus ar fhorbairt an gheilleagair a chur chun cinn. Éilíonn an fhiontraíocht intleachtacht agus airgtheacht. Laghdaíonn cultúr spleáchais an mian i gcomhair fiontar lena mbaineann rioscaí agus ar deireadh laghdaíonn sé an brabús a dhéantar.

**Spleáchas ar chúnamh bia dreasú laghdaithe le haghaidh táirgeadh / fáis**
Chun fás geilleagrach a choinneáil, ní mór tabhairt faoi thionscadail inbhuanaithe eacnamaíochta agus ní mór an fócas ar chúnamh bia amháin a laghdú. Ní mór fáil réidh le coincheap na maireachtála ar an gcaol chuid agus, ina áit sin, an mian le farasbarr táirgeachta a chur chun cinn agus bogadh ar aghaidh ón réimse phríomhúil táirgeachta. Ní mór earnálacha tánaisteacha agus treasacha a spreagadh chomh maith.

**Tionscadail ardphróifíle**
I roinnt de na tíortha tearcfhorbartha, seachnaítear soláthar dóthain bonneagair mar aon le scéimeanna draenála agus uiscithe talún, bóithre, tithíocht, monarchana agus saoráidí cumarsáide i bhfabhar tionscadail 'ardphróifíle'. Ní mór don rialtais tús áite a thabhairt do na tionscadail sin a mbeidh neamhthuilleamaíocht eacnamaíochta mar thoradh orthu agus a mhéadóidh acmhainn táirgiúlachta na dtíortha tearcfhorbartha ar deireadh. Cuideoidh soláthar scileanna agus teicneolaíochtaí leis na caighdeáin mhaireachtála a fheabhsú agus an acmhainn táirgiúlachta a mhéadú ar deireadh.

**2 phointe eolais: 5 mharc an ceann= 10 marc**

**(c)** "Is í an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (WTO) an t-aon eagraíocht idirnáisiúnta atá ag déileáil le rialacha domhanda na trádála idir náisiúin."

(i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shochar eacnamaíochta a mhaítear le 'saorthrádáil'.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chúis a roghnódh tíortha bacainní a chur ar shaorthrádáil. (25)

(i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shochar eacnamaíochta a mhaítear le 'saorthrádáil'.

**Rogha tráchtearraí níos fearr / caighdeán maireachtála níos fearr**
Bíonn an deis againn sochar a bhaint as réimse níos leithne earraí agus seirbhísí a bhuíochas leis an trádáil agus ní bheidís ar fáil murach í. Tá roinnt amhábhar ann nach bhfuil againn don táirgeadh agus mar sin ní mór dúinn iad sin a iompórtáil. Méadaíonn an trádáil ár gcaighdeán maireachtála dá réir sin.

**Praghsanna níos iomaíche ar earraí agus ar sheirbhísí**
Bíonn iomaíocht níos mó ar an margadh agus ba cheart go bhfágfadh sin go mbeadh praghsanna níos iomaíche do thomhaltóirí.

**Neartaíonn sí an geilleagar baile / treisíonn sí an fhostaíocht / deiseanna infheistíochta**
Cruthófar fostaíocht sna tionscail sin atá ag leathnú de bharr shochair na trádála. Cothaíonn geilleagar sláintiúil trádála muinín as an ngeilleagar agus spreagtar infheistíocht dá réir sin. Treisítear an OTI agus d'fhéadfadh sé go spreagfaí mian chun fáis.

**Baineann cuideachtaí tairbhe as barainneachtaí táirgeachta ar mhórscála.**
Tarlóidh speisialtóireacht de bharr trádála. Méadóidh cuideachtaí an táirgeadh acu agus d'fhéadfadh sé go mbainfeadh siad tairbhe as barainneachtaí scála. D'fhéadfadh go n-éireodh gnólachtaí baile níos iomaíche agus níos éifeachtúla.

**2 shochar eacnamaíochta: 5 mharc an ceann = 10 marc**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chúis a roghnódh tíortha bacainní a chur ar shaorthrádáil

**An naíthionscal a chosaint.**
Ní mór cosaint a thabhairt do ghnólachtaí beaga chun deis a thabhairt dóibh leathnú agus barainneacht scála a bhaint amach a cheadóidh dóibh a bheith iomaíoch ar bhonn idirnáisiúnta.

**Cosc a chur ar dhumpáil**
D'fhéadfadh tír cosc a chur ar dhumpáil earraí eachtracha ar a margadh baile má cheapann an rialtas gur bagairt í an dumpáil sin do tháirgeoirí baile.

**Fostaíocht ar an margadh intíre/baile a chosaint**
D'fhéadfadh tír srianta a chur ar iompórtálacha chun earraí a fhéadtar a dhéanamh sa bhaile a chosaint, agus mar sin deiseanna post ar an margadh baile a chosaint.

**Táirgeadh baile earraí ríthábhachtacha a spreagadh / slándáil náisiúnta**
D'fhéadfadh tír srianta a chur ar iompórtáil earraí áirithe chun a spleáchas ar sholáthairtí eachtracha earraí dá leithéid sin a laghdú. Ní mian le rialtais a bheith spleách ar mhargaidh eachtracha le haghaidh soláthairtí earraí straitéiseacha tábhachtacha amhail bia, breosla, etc. D'fhéadfadh galar ainmhithe leathadh mar thoradh ar shaorthrádáil. Le linn géarchéimeanna mar sin d'fhéadfadh rialtais iompórtáil eallaigh a chosc chun an tionscal ríthábhachtach sin a chosaint.

**3 chúis: 5 mharc an ceann = 15 mharc**
**Marcáiltear freagraí inghlactha eile de réir a bhfiúntais**

## C8 Téarmaí eacnamaíochta agus Cánachas

**(a)** Mínigh an coibhneas idir Easnamh i mBuiséad an rialtais agus an Fiachas Náisiúnta. (20)

Bíonn easnamh i mbuiséad an rialtais ann nuair a bhíonn caiteachas iomlán an rialtais níos mó ná ioncam iomlán an rialtais. Déantar easnamh i mbuiséad a mhaoiniú le méadú ar iasachtaí rialtais.

**10 mharc**

Is éard is fiachas náisiúnta ann ná suim iomlán (charntha) na n-iasachtaí rialtais atá gan íoc (dlite/le híoc). Tiocfaidh méadú ar an bhfiachas náisiúnta i dtéarmaí absalóideacha, agus beidh costas níos airde ar fhónamh ar an bhfiachas náisiúnta, mar gheall ar easnamh i mbuiséad an rialtais.

**10 mharc**

**(b)** "Tháinig forás ar Chóras Cánach na hÉireann le himeacht aimsire de réir mar a d'athraigh na tosca eacnamaíochta agus sóisialta, agus ní mór dó a bheith chomh sofhreagrach céanna d'fhorbairtí nua san am atá romhainn." *(Tuarascáil an Choimisiúin um Chánachas, 2009)*

(i) Déan plé ar **cheithre** Phrionsabal an Chánachais ag Adam Smith ina leabhar, Fiosrú ar Chineál agus ar Údair Rachmas na Náisiún (1776).

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** phrionsabal eile a d'fhéadfaí a chur san áireamh i gcóras cánach nua-aimseartha. Déan do fhreagraí a chosaint.

(i) Déan plé ar **cheithre** Phrionsabal an Chánachais ag Adam Smith

**Cothromas**
An prionsabal 'acmhainn chun íoc'/ Baintear céatadán níos airde den ioncam mar cháin de réir mar a mhéadaíonn an t-ioncam. Ba chóir do dhaoine a bhfuil níos mó airgid acu ualach níos mó cánachais a íoc, cibé acu a bhaineann siad tairbhe as nó nach mbaineann. Is é an smaoineamh taobh thiar den phrionsabal sin gur cheart cánacha a bheith céimnitheach agus dá bhrí sin bheadh an cháin ioncaim in Éirinn cothrom toisc go n-íocfadh daoine ar ardioncam céatadán níos airde cánachais.

**Barainneacht**
Ba cheart go mbeadh costas bailithe na cánach chomh híseal agus is féidir. Ba chóir go mbeadh an t-ioncam a bhailítear níos mó ná na costais bhailiúcháin. Is é is príomhaidhm leis an gcánachas ná ioncam an rialtais a ardú. Má bhíonn sé deacair na cánacha a ghearrtar a chur i bhfeidhm d'fhéadfadh na costais bhailiúcháin a bheith measartha ard dá thoradh sin i gcoibhneas leis an ioncam ón gcáin. Ba chóir go mbeadh an chuid is mó den ioncam ón gcáin ar fáil le caitheamh le leas an gheilleagair. Tá an cháin réadmhaoine áitiúil eacnamaíoch mar gur féidir í a bhailiú ar an idirlíon.

**Cinnteacht**
Ba cheart an méid a íoctar a bheith cinnte agus soiléir/ Ba cheart go mbeadh a fhios ag an gcáiníocóir cathain a bheidh an cháin le híoc agus cá mhéad cánach a bheidh le híoc. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart go mbeadh a fhios ag an rialtas cá mhéad cánch atá le bailiú acu agus cathain a gheobhaidh siad í. Ní mór cánacha éagsúla amhail fáltais CBL a chur ar aghaidh chuig na Coimisinéirí Ioncaim ag amanna faoi leith.

**Caoithiúlacht/Áisiúlacht**
Ba cheart an cháin a bhailiú ar bhealach agus ag tráth a fheileann don cháiníocóir.
Tá sé níos áisiúla má asbhaintear an cháin ag an bhfoinse, e.g. ÍMAT seachas bille a fháil don mhéid iomlán atá dlite in aon ghála amháin nuair a bheidh an t-ioncam caite. Bailítear CBL tráth an cheannacháin agus mar sin tá sé áisiúil don cháiníocóir.

**4 phointe eolais: 6 mharc an ceann = 24 marc**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** phrionsabal eile a d'fhéadfaí a chur san áireamh i gcóras cánach nua-aimseartha. Déan do fhreagraí a chosaint.

**Tá siad seo ar na freagraí a d'fhéadfaí a thabhairt:**

**Ba cheart gur bheag a dídhreasódh córas cánach an obair / coigilteas**
Má cheaptar go bhfuil ráta na cánach pearsanta ioncaim ró-ard (is é 51% an ráta éifeachtach is airde in Éirinn) agus má bhaintear céatadán ard d'ioncam breise daoine i bhfoirm cánach, d'fhéadfadh sé sin daoine a dhíspreagadh ó obair nó ó shaothar breise a chur ar fáil. D'fhéadfadh pleananna ráta níos airde de cháin ioncaim a ghearradh ar dhaoine os cionn €100,000, eachtrannaigh a dhíspreagadh ó theacht chun oibre in Éirinn. D'fhéadfadh an ráta reatha DIRT (41%) daoine a dhíspreagadh ó choigilt.

**Ba cheart gur bheag a dídhreasódh córas cánach an infheistíocht**
Tá rún daingean ag rialtas na hÉireann gan ráta reatha na cánach ar bhrabús chorparáideach a athrú.
Is toisc é an ráta reatha 12.5% a chuidíonn le hinfheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh.
Dá méadófaí an ráta seo d'fhéadfadh sé cuideachtaí ilnáisiúnta a dhíspreagadh ó lonnú in Éirinn agus b'fhéidir go gciallódh sé sin go ndéanfadh roinnt cuideachtaí a n-oibriúcháin a athlonnú in aiteanna thar lear.

**Ba cheart go mbeadh tionchar cobhsaitheach ag cánacha ar an ngeilleagar agus, mar sin, go bhfeidhmeoidís mar chobhsaitheoirí uathoibríocha**
Ba cheart go gcuirfeadh córas cánach cosc ar ghníomhaíocht an gheilleagair a bheith ag ardú róthapa faoi mar a tharlódh dá uireasa le linn tréimhse d'fhás geilleagraigh. Ar an gcaoi chéanna, i gcúlú eacnamaíochta, laghdaíonn an méid a bhailítear i gcánacha, agus dá bhrí sin ní bhíonn an laghdú ar an éileamh chomh mór is a bheadh sé dá uireasa.

**Ba chóir go mbeadh rátaí cánach comhsheasmhach le cuspóirí geilleagracha náisiúnta.**
Ba chóir go gcuideodh na cánacha a ghearrtar leis an rialtas chun cuspóirí geilleagracha / sóisialta eile a bhaint amach, e.g. d'fhéadfadh ráta ardaithe CBL ar alcól ól an alcóil a dhíspreagadh; dá dtabharfaí isteach 'cáin siúcra' d'fhéadfadh sé cuidiú le leibhéil mhurtaill na hÉireann a laghdú; d'fhéadfadh 'cánacha carbóin' cuidiú lenár n-astuithe carbóin a laghdú.

**Níor cheart go mbeifí ábalta cáin a imghabháil (a sheachaint) i gcóras cánach...................etc.**

**An 1ú freagra ceart: 6 mharc**
**An 2ú freagra ceart: 5 mharc**

**Marcáiltear freagraí inghlactha eile de réir a bhfiúntais**

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar na hiarmhairtí eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann dá n-aistreodh rialtas na hÉireann ualach an chánachais ó chánacha díreacha go cánacha indíreacha**.** (20)

**Tá siad seo ar na freagraí a d'fhéadfaí a thabhairt:**

**Spreagann sé fiontraíocht, infheistíocht, fostaíocht agus cur chun cinn fostaíochta**
D'fhéadfadh rátaí níos ísle sa cháin dhíreach oibrithe agus cuideachtaí a dhreasú toisc go mbíonn cánacha díreacha céimnitheach. Mhéadódh níos mó glanphá an dreasú chun oibre. Spreagtar iarracht níos fearr le luachanna saothair as dul san fhiontar. D'fhéadfadh méadú ar infheistíocht dhíreach eachtrach a bheith mar thoradh ar rátaí níos ísle sa cháin dhíreach.

**D'fhéadfadh an córas cánach a bheith níos aischéimnithí dá n-aistreofaí ó cháin dhíreach go cáin indíreach**
Is gnách go mbíonn cánacha indíreacha aischéimnitheach. D'fhéadfadh céatadán níos mó dá n-ioncam a bheith le híoc ag grúpaí ísealioncaim leis an gcineál seo cánach toisc go gcaitheann siad cion níos mó dá n-ioncam. In 2010 tugadh isteach cáin charbóin in Éirinn agus dá bharr sin tá na costais cheannacháin níos aird. Ní chuirtear an cumas chun íoc san áireamh i gcánacha indíreacha.

**Tá an imghabháil níos deacra le cáin indíreach**
Ós rud é go bhfuil cáin indíreach, e.g. CBL, san áireamh i bpraghas díolta an earra / na seirbhíse, ní féidir í a imghabháil. Má cheannaíonn tú earra, caithfidh tú an cháin ar an earra sin a íoc. Is éard is Dleachtanna Stampa ann stampaí réamhíoctha a shocrú ar dhoiciméid dhlíthiúla agus tráchtála agus ní féidir iad sin a imghabháil ach oiread.

**Ní féidir a bheith chomh cinnte den ioncam a bhailítear le cáin indíreach**
Níl an t-ioncam a bhailítear sa tslí seo chomh intuartha is atá an t-ioncam a bhailítear ó chánachas díreach. D'fhéadfadh sé sin bac a chur ar phleanáil airgeadais an rialtais. D'fhéadfadh cánacha indíreacha na patrúin éilimh a chur as riocht agus mar sin bheadh sé níos deacra an méid ioncaim a bhaileofaí a thuar.

**Is féidir le cánacha indíreacha a bheith boilscitheach**
Méadóidh ardú ar CBL / Dleachtanna máil praghsinnéacs na dtomhaltóirí sa ghearrthéarma. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina chúis le tomhaltóirí laghdú ar an méid a chaitheann siad / nó an caiteachas a chur siar.

**D'fhéadfadh fás sa 'scáthgheilleagar' a bheith mar thoradh air**
D'fhéadfadh méadú ar rátaí an chánachais indírigh a bheith ina chúis le roinnt custaiméirí aistriú chuig an scáthgheilleagar agus iad ag lorg praghsanna níos ísle ar roinnt earraí / seirbhísí.

**4 phointe eolais: 5 mharc an ceann = 20 marc**

**Marcáiltear freagraí inghlactha eile de réir a bhfiúntais.**

Leathanach Bán

Leathanach Bán